# Holy Bible

## Aionian Edition®

Irish O'Domhnuill Modernized

AionianBible.org
The world’s first Holy Bible untranslation
100% free to copy and print
also known as “ The Purple Bible ”

*Holy Bible Aionian Edition* ®
Irish O'Domhnuill Modernized

Creative Commons Attribution 4.0 International, 2018-2024
Source text: Crosswire.org
Source version: 7/21/2015
Source copyright: Public Domain
O'Domhnuill, O'Cionga, O'Kearney, Walsh, Donellan, 1602, 1817

Formatted by Speedata Publisher 4.19.20 (Pro) on 8/31/2024
100% Free to Copy and Print
TOR Anonymously
https://AionianBible.org

Published by Nainoia Inc
https://Nainoia-Inc.signedon.net

We pray for a modern Creative Commons translation in every language
Translator resources at https://AionianBible.org/Third-Party-Publisher-Resources
Report content and format concerns to Nainoia Inc
Volunteer help is welcome and appreciated!

*Celebrate Jesus Christ's victory of grace!*

# Preface

Irish at AionianBible.org/Preface

The *Holy Bible Aionian Edition* ® is the world's first Bible *un-translation*! What is an *un-translation*? Bibles are translated into each of our languages from the original Hebrew, Aramaic, and Koine Greek. Occasionally, the best word translation cannot be found and these words are transliterated letter by letter. Four well known transliterations are *Christ*, *baptism*, *angel*, and *apostle*. The meaning is then preserved more accurately through context and a dictionary. The Aionian Bible un-translates and instead transliterates eleven additional Aionian Glossary words to help us better understand God's love for individuals and all mankind, and the nature of afterlife destinies.

The first three words are *aiōn*, *aiōnios*, and *aïdios*, typically translated as *eternal* and also *world* or *eon*. The Aionian Bible is named after an alternative spelling of *aiōnios*. Consider that researchers question if *aiōn* and *aiōnios* actually mean *eternal*. Translating *aiōn* as *eternal* in Matthew 28:20 makes no sense, as all agree. The Greek word for *eternal* is *aïdios*, used in Romans 1:20 about God and in Jude 6 about demon imprisonment. Yet what about *aiōnios* in John 3:16? Certainly we do not question whether salvation is eternal! However, *aiōnios* means something much more wonderful than infinite time! Ancient Greeks used *aiōn* to mean *eon* or *age*. They also used the adjective *aiōnios* to mean *entirety*, such as *complete* or even *consummate*, but never infinite time. Read Dr. Heleen Keizer and Ramelli and Konstan for proofs. So *aiōnios* is the perfect description of God's Word which has *everything* we need for life and godliness! And the *aiōnios* life promised in John 3:16 is not simply a ticket to eternal life in the future, but the invitation through faith to the *consummate* life beginning now!

The next seven words are *Sheol*, *Hadēs*, *Geenna*, *Tartaroō*, *Abyssos*, and *Limnē Pyr*. These words are often translated as *Hell*, the place of eternal punishment. However, *Hell* is ill-defined when compared with the Hebrew and Greek. For example, *Sheol* is the abode of deceased believers and unbelievers and should never be translated as *Hell*. *Hadēs* is a temporary place of punishment, Revelation 20:13-14. *Geenna* is the Valley of Hinnom, Jerusalem's refuse dump, a temporal judgment for sin. *Tartaroō* is a prison for demons, mentioned once in 2 Peter 2:4. *Abyssos* is a temporary prison for the Beast and Satan. Translators are also inconsistent because *Hell* is used by the King James Version 54 times, the New International Version 14 times, and the World English Bible zero times. Finally, *Limnē Pyr* is the Lake of Fire, yet Matthew 25:41 explains that these fires are prepared for the Devil and his angels. So there is reason to review our conclusions about the destinies of redeemed mankind and fallen angels.

The eleventh word, *eleēsē*, reveals the grand conclusion of grace in Romans 11:32. Take the time to understand these eleven words. The original translation is unaltered and a note is added to 64 Old Testament and 200 New Testament verses. To help parallel study and Strong's Concordance use, apocryphal text is removed and most variant verse numbering is mapped to the English standard. We thank our sources at eBible.org, Crosswire.org, unbound.Biola.edu, Bible4u.net, and NHEB.net. The Aionian Bible is copyrighted with creativecommons.org/licenses/by/4.0, allowing 100% freedom to copy and print, if respecting source copyrights. Check the Reader's Guide and read online at AionianBible.org, with Android, and TOR network. Why purple? King Jesus' Word is royal… and purple is the color of royalty!

# History

Irish at AionianBible.org/History

04/15/85 - Aionian Bible conceived as B. and J. pray.
12/18/13 - Aionian Bible announced as J. and J. pray.
06/21/15 - Aionian Bible birthed as G. and J. pray.
01/11/16 - AionianBible.org domain registered.
06/21/16 - 30 translations available in 12 languages.
12/07/16 - Nainoia Inc established as non-profit corporation.
01/01/17 - Creative Commons Attribution No Derivatives 4.0 license added.
01/16/17 - Aionian Bible Google Play Store App published.
07/01/17 - 'The Purple Bible' nickname begins.
07/30/17 - 42 translations now available in 22 languages.
02/01/18 - Holy Bible Aionian Edition® trademark registered.
03/06/18 - Aionian Bibles available in print at Amazon.com.
10/20/18 - 70 translations now available in 33 languages.
11/17/18 - 104 translations now available in 57 languages.
03/24/19 - 135 translations now available in 67 languages.
10/28/19 - Aionian Bible nursed as J. and J. pray.
10/31/19 - 174 translations now available in 74 languages.
02/22/20 - Aionian Bibles available in print at Lulu.com.
05/25/20 - Illustrations by Gustave Doré, La Grande Bible de Tours, Felix Just.
08/29/20 - Aionian Bibles now available in ePub format.
12/01/20 - Right to left and Hindic languages now available in PDF format.
03/31/21 - 214 translations now available in 99 languages.
11/17/21 - Aionian Bible Branded Leather Bible Covers now available.
12/20/21 - Social media presence on Facebook, Twitter, LinkedIn, YouTube, etc.
01/01/22 - 216 translations now available in 99 languages.
01/09/22 - StudyPack resources for Bible translation study.
02/14/22 - Strong's Concordance from Open Scriptures and STEPBible.
02/14/23 - Aionian Bible published on the TOR Network.
12/04/23 - Eleēsē added to the Aionian Glossary.
02/04/24 - 352 translations now available in 142 languages.
05/01/24 - 370 translations now available in 164 languages.
08/05/24 - 377 translations now available in 166 languages.
08/18/24 - Creative Commons Attribution 4.0 International, if source allows.

# Table of Contents

## NEW TESTAMENT

Lúcás ..............................................11

## APPENDIX

Reader's Guide
Glossary
Maps
Destiny
Illustrations, Doré

# NEW TESTAMENT




*Agus a dubhairt Iósa, A Athair, maith dhóibh; óir ní bhfuil a fhios aca créd do nid said.*
*Agus an roinn a éaduighsion, do theilgeadar crannchar orthu.*
Lúcás 23:34

# Lúcás

**1** Do bhrígh gur ghabhadar mórán do láimh sdair do
sgríobhadh air na neithibh agá bhfuil a sáirfhios aguinne,
**2** Do réir mar thugadar na dáoine do chonnairc lé na súilibh
rein ó thús, agus do bhí ag miniosdrálachd na bréithre,
dhúinne íad; **3** Do chonncas damhsa mar an gceudna, a
Theophilus ro oirdheirc, ar bhfagháil feasa iomlan gach uile
neithe ó na bhfíorthosach dhamh, a sgríobhadh chugadsa a
nórdughadh, **4** Do chum go mbía deimhin na mbriathar, do
múineadh dhuit agad **5** Re linn Iorúaith, rí thire Iúdaighe, do
bhí sagart airighe dár bhainm Sacharías, do sheal Abía:
agus a bhean dingheanuibh Aaróin, agus, Elísabet do baimn
dhi. **6** Agus do bhádar a ráon nit ndáoinibh fíreanta a
bhfíadhnuisi Dé, ag siobhal go neimhchiontach ann uile
aitheantuibh agus órduighthibh an Tighearna. **7** Agus ní
raíbh, shiochd orrtha, do bhrígh go raibh Elisábet aimrid
agus go raibh áois mhór aca ar áon. **8** Agus tárla, an tan do
bhí sé ag déanamh oifige an tsagairt a bhfiadhnuisi Déann
a sheal fein, **9** Do réir ghnáthuighthe oifige an tsagairt,
go ráinic dhó an túis do losgadh tar éis dul a sdeach go
teampoll an Tighearna dhó. **10** Agus do bhí coimhthionól an
phubail uile ag déanamh úrnuighe a muigh a naimsir na
túise. **11** Agus do taidhbhreadh dhó aingeal an Tighearna na
sheasamh ar an dtáoibh ndeas daltóir na túise. **12** Agus ar
na fhaicsin do Shacharías, do bhí sé ar na bhúaidhreadh,
agus do ghlac eagla é. **13** Achd a dubhairt an taingeal
ris, Ná bíodh eagla ort, a Shacharías: óir do héisdeadh
húrnuighe; agus béaruidh do bhean Elisábet mac dhuit, agus
do bhéara tú Eóin mar ainm air. **14** Agus budh gáirdeachus
agus lúathgháire dhuit é; agus biaidh lúathghaire ar mhóran
fa na bhreith. **15** Oir bíaidh sé na dhuine mhór a bhfíadhnuisi
an Tighearna, agus ni íobha sé fíon na deoch láidir; agus fós
bíaidh sé lan don Spiorad Náomh, ó bhroinn a mháthar.
**16** Agus fillfidh sé mórán do chlannuibh Israél chum an
Tighearna a Ndia féin. **17** Oir géubhaidh seisean roimhesan
a spioraid agus a shubháilce Elias, dfilleadh chroidheadh
na naithreach chum na cloinne, agus na neasmhal chum
gliocuis na dáoine gcomhthrom; agus dullmhughadh phobuil
dhiongmhálta don Tighearna. **18** Agus a dubhairt Sacharías
ris an aingeal, Cionnas bhías a fhios so agamsa? óir a táim
um dhuine arsuidh, agus a tá áois mhór ag am mhnáoi.
**19** Agus ar bhfreagra don aingeal a dubhairt sé ris, Is misi
Gabríel, sheasas a bhfíadhnuisi Dé; agus do cuireadh mé do
labhairt riotsa, agus dinnsin na núaidheachd maith so dhuit.
**20** Agus, féuch, bíaidh tú gan úrlabhra, agus ní bá héidir
leachd labhairt, go soithe an lá an a dtiocfaid na neithe so
chum críche, do bhrígh nar chréid tu dom bhríathraibhsi,
noch coimhlíonfuighear na nam féin. **21** Agus do bhí an
pobal ag fuireach ré Sacharías, agus do biongnadh léo an
fad do fhan sé sa teampoll. **22** Agus ar ndul a mach dhó, nír
bhéidir leis labhairt ríu: agus do aithnigheadar go bhfacaidh
sé taidhbhsi sa teampoll: óir do sméid sé orrtha, agus do
fhan sé balbh. **23** Agus tárla dhó, an tan do coimhlionadh
laéthe a mhiniosdrálachda, go ndeachaidh sé dhá thigh
féin. **24** Agus tar éis na laethesi, do toirrcheadh Elisabet a
bheansân, agus do fholaigh si í féin ar feadh chuig mios,
ag rádh, **25** Oír is mar so do rinne an Tighearna rium
ann sna laethibh an ar fhéuch sé oram, do thógbháil mo
neimhcheana dhiom a measg na ndáoine. **26** Agus an sa
seisiodh mi, do cuireadh an taingeall Gabríel ó Dhía go
cathruigh don Ghalilé, dár bainm Násaret, **27** Dionnsuighe
óighe ar a raibh ceart ag fear do thigh Dháibhí, dár aínm
Ióseph; agus do bé do bainm do nóigh, Muire. **28** Agus ar
ndul a sdeach dit hionnsuighe do naingeal, a dubhairt se,
Dia do bheatha a ógh roghrásamhuil: a tá an Tighearna
maille riot: is beannuighe thú eidir na mnáibh. **29** Agus an
tan do chonnairc sí é, do bhí sí ar na búaidhreadh fá na
bhriathraibh, agus do bhí sí ag smúaineadh créd an ghné
bheannughtheaso. **30** Agus a dubhairt an taineal ria, Ná
bíodh eagla ort, a Mhuire: óir fúair tú grása ó Dhía. **31**
Agus, féuch, bíaidh tú torrach ad bhruinn, agus béaraidh
tú mac, agus do bhéara tú IOSA dainm air. **32** Bíaidh se
mór, agus goirfidhear Mac an té is Airde dhe: agus do
bhéura an Tighearna Día caithír Dháibhí, athar féin dhó.
**33** Agus bíaidh sé na righ ar thigh Iácob go bráth; agus ní
bhía deireadh ar a ríoghachd. **(aiōn g165)** **34** Agus a dubhairt
Muire ris a naingeal, Cionnas bhías so, óir ní bhfuil fios fir
agamsa? **35** Agus ar bhfreagra do naingeal a dubhairt se
ría, Tuirléonguidh an Spiorad Náomh ort, agus foiléochaidh
cumhachda an té as Airde thú: uime sin an ní náomhtha
bhéaras tú goirfighear Mac Dé dhe. **36** Agus, féuch, Elisabet
do shiur, a tá sisi leis torrach air mhac ann a hárrsuigheachd:
agus is sé so an seisiodh mí don mhnáoi úd, dá ngoirthear
bean aimrid. **37** Oír ní bhía ní ar bith doidhéunta do Dhia. **38**
Agus a dubhairt Muire, Féuch, banóglach an Tighearna;
teagmhadh dhamhsa do réir do bhréithrisi. Agus do imthigh
an taingeal úaithe. **39** Agus an tan do éirigh Muire ann sna
laéthibh sin, do chúaidh sí go dheíthneasach chois sléibhe,
go cathraigh Iúda; **40** Agus do chúaidh sí a steach go tigh
Shacharías, agus do bheannaigh si Délisabet. **41** Agus
tarla, mar do chúalaidh Elisabet beannughadh Mhuire, gur
bhíog an náoidheanán ann a broinn; agus do bhí Elisábet
air na líonadh don Spiorad Naomh. **42** Agus do éigh sí do

ghuth mhór, agus a dubhairt si, Is beannaighthe thú eidir
na mnáibh, agus is beannaighthe toradh do bhronn, **43**
Agus cionnus do éirigh so dhamsa, go dtiocfadh matháir
mo Thighearna féin chugam? **44** Oir, féueh, comhlúath is
tháinic fúaim do bheannaighthe am chlúasaibh, do bhíog an
náoidheanán lé gáirdeachus ann mo bhroinn. **45** Agus is
beannaighthe au bhean do chreid: óir coimhlionfuidhear na
neithe do gheall an Tighearna dhi. **46** Agus a dubhairt Muire,
Adhmolaidh manam an Tighearna, **47** Agus do ní mo spiorad
gáirdeachus a Ndía mó Shlánuightheóir. **48** Do bhrígh gur
fhéuch sé ar úmhla a bhanóglaighe f é in: oír, féuch, ó so
súas goirfid na huile chine beannuighthe dhíom. **49** Oir do
rinne an té a tá cumhachdach neithe móra dhamhsa, agos
is náomhtha a ainm. **50** Agus a tá a thrócaire ó dhíne go
díne don dréim ar a bhfuil a eagla. **51** Do rinne sé gníomh
láidir lé na láimh; do spréigh sé na dáoine úraibhreacha
a smúaintighe a gcroidheadh féin. **52** Do tharruing sé na
dáoine cumhachdacha as a gcaithiribh, agus do árduigh
sé na dáoine umhla. **53** Do líon sé na dáoine ocracha lé,
neithibh maithe; agus do chuir sé úadh na dáoine saidhbhre
folumh. **54** Do thóg sé súas Israél a shearbhfhoghantuidhe
féin, do chuimhniughadh ar a thrócaire; **55** (Mar do labhair sé
ré ar naith-reachuibh, Abraham, agus ré na shíol go bráth.)
**(aiōn g165)** **56** Agus do fhan Muire na fochair timcheall thrí
míos, agus do fhill sí dhá tigh féin. **57** Agus táinic ionbhuidh
Elisabet ion ar mhídhid dhigh breath; agus rug sí mac.
**58** Agus do chúaladar a comharsain agus a dáoine gáoil,
gur fhoillsigh an Tighearna a thrócaire mhór féin di; agus
do rinneadar gáirdeachus má ráon ria. **59** Agus tárrla, go
dtangadar air a nochdmhadh lá do chum go ndéanaídís
an náoidhe do thimcheallghearrádh; agus do ghoireadar
Sacharias de, do reir anma a athair. **60** Achd ar bhfreagra
dhá mháthair a dubhairt sí, Ni hámhluidh bhías; achd Eóin
goirfidhear dhe. **61** Agus a dubhradar ría, Ní bhfuil éannduine
dod chineadh dá ngoirthear an tainmsi. **62** Agus do rinneadar
comhartha dhá athair, créd an tainm bá mían leis do thabhairt
air. **63** Agus ar níarruidh cláir sgriobhtha dhosan, do sgríobh
sé, ag rádh, Is Eóin is ainm dhó. Agus do ghabh iongantus
íad uile. **64** Agus ar an mball do hosgladh a bhéulsan, agus
a theanga, agus do labhair sé, ag moladb Dé. **65** Agus do
ghabh eagla a gcomharsuin uile: agus do haithriseadh na
neithe so uile chois tsléibhe thíre Iúdaighe uile. **66** Agus gach
uile dhuine dhá gcúalaidh sin, do chuireadar a dtaisgidh
an a gcroidhthibh féin iad, ag rádh, Créd é an sórt leinibh
bhias so! Agus do bhí lámh an Tighearna maille ris. **67** Agus
do bhí Sacharías athair, lán don Spíorad Náomh, agus do
rinne sé faidheadóireachd ag rádh, **68** Go madh beannaighe
au Tighearna Día Israel; ar son gur fhiosruigh sé agus gur
fhúasgail sé a phobal féin, **69** Augs do thóg sé súas adharc
na sláinte dhúinne a dtigh Dháibhi a shearbhfhoghantuidhe
féin; **70** Do réir mar do labhair sé tré bhéul a fháidheadh
náomhtha féin, do bhí ann ó thús an domáin: **(aiōn g165)** **71**
Ga gcuimhdéochadh sé sinn ó ar naimhdibh, agus ó láimh
gach uile dhuine agá bhfuil fúath dhuinn; **72** Go ndéanadh
sé trócaire air ar naithreachuibh, agus go gcuimbnéochadh
sé a thiomna náomhtha féin; **73** Agus ar an mionna lé a
dtug sé móid Dábrahám ar nathairne, go dtiubhradh sé
dhúinn, **74** Go mbémís gan eagla air ar sáoradh ó láimh
ar námhad do chum seirbhisi do déanamh dhó féin, **75** A
náomhthachd agus a bhfíréantacld na fhíadhnuisiséan, a
laéthibh ar mbeatha uile. **76** Agus tusa, a leinibh, goirfithear
diot faídh an té as Airde: óir rachuidh tú roimh aghaidh an
Thighearna dullmhughadh a shligheadh; **77** Do thabhairt
éolus na sláinte dá phobal tré mhaitheamhnus na bpeacadh,
**78** Tré thrócaire ro mhóir ar Ndia féin; lér fhiosruigh sé sinn
ag éirghe ón ionad árd, **79** Do thabhairt soillsi don droing do
bhí na suidhe a ndorchadas agus a sgáile an bháis, agus do
dhíorghadh ar gcos a slighe na síothchána. **80** Agus do fhás
an leanabh, agus do neartuigheadh é a spíoruid, agus do
bhí sé ar na fásuighibh go soithe an lá an ar fhoillsigh sé é
féin Dísraél.

**2** Agus tárla ann sna láethibh sin, go ndeachuidh áithne
ó Shéasar Augustus, an domhan uile do mheas, **2** (Ag
so an céudmheas do rinneadh an tan do bhi Sirénius na
úachdarán ar Shíria.) **3** Agus do chúadar eile dhá meas, gach
áon fá leith dhá chathruigh féin, **4** Agus do chúaidh Ióseph
mar an gcéudna súas ón Ghalilé, as an gcathraigh Nasarét,
go tír Iúdaighe, go cathruigh Dhaibhi, dá ngoirthear Bétleem;
do bhrígh go raibh sé do thigh agus do shliochd Dháibhí: **5**
Ionnus go measfuigh é maille ré Muire do bhi ar na ceangal
ris mar mhnáoi, ar mbeith dhi torrach. **6** Agns tárla, ar mbeith
dhóibh ann sin, go dtangadar laéthe a hionbhuidhsean.
**7** Agus rug sí mac a céudduine cloinne, agus do chuir sí
giobuil cheangail na thimcheall, agus do chuir sí na luighe a
mainséur é; do bhrígh nach raibh ait aca sa tigh ósda. **8** Agus
do bhádar áodhairidhe sa dúithche sin na gcomhnuidhe a
muigh, agns ag déanamh faire oidhche ar a dtréd. **9** Agus,
féuch, do sheas aingeal an Tighearna láimh léo, agus do
shoillsigh ghlóir an Tighearna na dtimcheall: agus do ghabh
eagla mhór íad. **10** Agus a dubhairt an taingeal riú, Na
bíodh eagla oruibh: óir, feuch, a táim ag soisgéulughadh
dhíbh gáirdeachus mór, noch bhías do gach uile phobal.
**11** Oír rugadh an Slánuightheoir dháoibh a niu, (éadhon

Críosd an Tighearna, ) a gcathruigh Dháibhí. **12** Agus ag so
comhartha dhíbh; Do ghéubhtháoi an leanabh ceanguilte
a ngiobluibh, na luighe a mainnséur. **13** Agus do bhí go
hobann cuideachda mhór do shlúagh neamhdha a bhfochair
an aingil ag moladh Dé, agus ag rádh, **14** Glóir do Dhía ann
sna hárduibh, agus síodhcháin ar an dtalamh, deaghthoil do
na dáoinibh. **15** Agus tárla, mar do imthigheadar na haingil
úatha ar neamh, go ndubhradar na háodhairidhe ré chéile,
Imthigheam anois don Bhetléem, agus féucham an ní so
do rinneadh, noch do fhoillsigh an Tighearna dhúinn. **16**
Agus tangadar go deithneasach, agus fuaradar Muire agus
Ióseph, agus an náoidhe na luighe a mainnséur. **17** Agus an
tráth do chonncadar sin, do aithriseadar an ní a dubhradh
riú a dtimcheall an leinibhsin. **18** Agus na huile dháoine
da gcúalidh so do ghabh iongantus íad fá na neitheibh a
dubhradar na háodhairidhe ríu. **19** Achd do thaisgidh Muire
na bríathrasa uile, dá mbreathnughadh ann a croidhe. **20**
Agus do fhilleadar na háodhairidhe, ag tabhairt glóire agus
ag moladh Dé tré gach ní da gcúaladar agus da bhfacadar,
mar a dubhradh riú. **21** Agus an tan do coimhlíonadh ochd lá
chum an leinibh do thimcheallgherradh, tugadh' IOSA mar
ainm air, éadhon an tainm do ghoir an taingeal de suil do
gheineadh a mbroinn é. **22** Agus an tan do coimhlíonadh
laéthe glanta Mhuire do réir reachda Mháoisi, rugadar léo go
Hiarusaléim é, da thaisbéanadh don Tighearna; **23** (Mar
a tá scriobhtha a reachd an Tighearna, Gach céudghein
mhic thuismeas brú bíaidh sé náomhtha don Tighearna; ) **24**
Agus do thabhairt ofrála, do réir mar a dearthar a reachd
an Tighearna, Cúpla turtair, nó dha gheirrceach coluim.
**25** Agus, féuch, do bhí duine a Níarusaléim, dár bhainm
Símeon; agus do bhí an fearso comhthrom diadha, agus
a shúil ré comhfhurtachd Israel: agus do bhí an Spíorad
Náomh ann, **26** Agus do fhoillsigh an Spiorad Náomh dhó,
nach bhfaicfeadh sé bás, nó go bhfhaicfeadh sé Criosd an
Tighearna, **27** Agus táinic sé maille ré tréoir na Spioraide
don teampoll: agus an tan thug a athair agus a mháthair
an leanabh Iósa, do chum go ndéanaídis ar a shon do réir
gnáthuighthe an dlighe, **28** Ann sin do ghabh seision chuige
ann a uchd é, agus do mhol sé Día, agus a dubhairt sé, **29**
A Thighearna, a nois leigeas tú dod shearbhfhoghantuidhe
imtheachd a síodhchain, do réir tfhocail féin: **30** Oir do
chonncadar mo shúile do shlánughadhsá, **31** Noch do
ullmhuigh tú a bhfíadhnuisi na nuile phobal. **32** Solus do
dhéunadh soillsi do na Cineadhachuibh, agus glóir do phobail
féin Israél. **33** Agus do ghabh iongantus Ióseph agus a
mháthairsion fá na neithibh a dubhhradh na thimcheall. **34**
Agus do bheannuigh Símeon íad, agus a dubhairt sé ré
Muire a mhathairsion, Féuch, a tá sé so ar na órdughadh
do chum tuitme agus eiséirghe mhóráin a Nisraél; agus
na chomhartha agá gcuirfithear na aghaidh; **35** (Agus
fós, rachaidh cloidh éamh tré thanamsa mar an gcéudna,
) do chum go nochdfuidhe smúaintighthe as mórán do
chroidhibh. **36** Agus fós do bhí Anna, banfháidh, inghean
Phánuel, do threibh Aser: do bhi aois mhór aiceso, tár éis
seachd mblíadhna do chaitheamh dhi ag fear a ndiáigh
a maighdeannis; **37** Agus ar mbeith na baintreabhuigh a
dtinicheall cheithre mblíadhan agus cheithre tichid dhi, níor
fhág sí an teampoll, achd ag déunamh seirbhísí do Dhía do
ló agus doidhche le trosgadh agus lé húrnuighthe. **38** Agus
táinic so do láthair ar an úair gcéudna agus dadmhuigh sí
na thimcheall ré gach áon agá raibh súil ré fúasgladh an
Iarusaléim. **39** Agus mar do chríochnuigheadar gach uile ni
do réir reachda an Thighearna, do fhilleadar don Ghalilé, da
gcathruigh féin Násarét. **40** Agus do fhás an macaomh, agus
do neartuigheadh é a spioraid, agus do bhí sé lán deagna:
agus do bhí grása Dé maille ris. **41** Agus do ghnáthuigheagh
a athair agus a mháthair dul gach a blíadhna go Híarusaléim
a sollamuin na cásg. **42** Agus ar mbeith dhá bhliadhan déug
dho, do chuadar suas go Híarusaléim, do réir ghnáthuighthe
na sollamna. **43** Agus are geríochnughadh na, láetheadh sin,
an tan do fhilleadarsan, dfan anleanabh Iósa a Níarusaléim;
gan fhios do Ióseph ná dhá mháthair. **44** Agus, an tan do
shaóileadar go raibh sé na gcuideachda, do shiobhladar
asdar laoi; agus diarradar é a measg a ndaoine gaoil agus
aitheanta. **45** Agus an tan nach bhfúaradar é, do fhilleadar
arís go Híarusaléim, dhá iarruigh. **46** Agus tárla, trí lá dá éis
sin, go bhfúaradar é ann sa teampoll, na shuidhe a measg na
ndoctúireadh, ag éisdeachd ríú, agus ag cur cheasd ortha.
**47** Agus do ghabh iongnadh gach uile dhuine dá gcúalaidh
é fá na thuigsin agus fá na fhreagarthaibh. **48** Agus ar na
fhaicsin dóibh, do ghabh úathbhás iad: agus a dubhairt a
mháthair ris, A mhic, créd fá ndearna tú mar so rinn? Féuch,
do bhí misi agus dathair lán do dhobhron dod lordaireachd.
**49** Agus a dubhairt seision ríu, Créd fá rabhabhair dom
lorgaireachdsa? An né nach raibh a fhios agaibh gur bhéigin
damhsa bheith ag déanamh ghnódhaighthe Mathar? **50**
Achd níor thuigeadarsan na briathra do labhair se ríu. **51**
Agus do chuáidh sé léo síos, agus táinic sé go Násaret,
agus do bhí sé umhal dóibh: agus do thaisgidh a mháthair
na briathra so uile an a croidhe. **52** Agus dó bhí Iósa ag
fás an eagna, agus a naóis, agus a ngean ag Día agus ag
daóinibh.

**3** Agus an-cuigeadh bliadhan déug dimpireachid Thibérius
Séasar, ar mbeith do Phonsius Phioláid na úachdarán
a ttir Iúdáighe, agus Ioruáith na théatrarc sa Ngalilé, agus
Philip a dhearbhrathair na théatrarc air Ituréa agus air chrích
Thrachonítis, agus Lísánias na thetrarch air Abiléne, **2** An
tan do bhí Annas agus Caiphás na nárdshagartuibh, tháinic
bríathar Dé chum Eóin mhic Sacharías san bhfásach. **3** Uime
sin tháinic sé ar feadh na dúithche a dtimcheall Iórdan, ag
seanmóir bhaisdigh na haithrighe chuin maithmbeachuis na
bpeacadh; **4** Mar a tá sgríobhtha a leabhar comhráidhteagh
Esaías fáidh, a deir, Guth an té éighmheas ar an bhfásadh,
Ullmhuighidh slighe an Tighearna, déanuidh a chasáin
díreach. **5** Líonfuidhear gach uile ghleann, agus ísleochthar
gach uile sliabh agus chnoc; agus béid na neithe cama
díreach, agus na slighthe garba mín; **6** Agus do chífi gach
uile fheoil slanughadh Dé. **7** Uime sin a dubhairt sé rís a
tslúagh tháinic a mach do chum go mbaisdfeadh seisean íad:
A shliochd na naithreach neimhe, cía thug rabhadh dhaóibh
teitheadh ón fheirg a tá ag teachd? **8** Ar a nadhbharsin
tabhraidh tórrtha bhus iomchubhaidh don naithrighe úaibh,
agus ná tionsgnaidh a rádh ionnaibh féin, A tá Abraham na
athair aguinn: oír a deirimsi ribh, Gur ab éidir lé Dia clann do
dhúsachd as na clochmibhse féin D'abraham. **9** Agus a tá
an tuáigh a nois fós ar na cur chum fréimhe na gcrann: ar a
nadhbharsin gach uile chrann nach dtabhair toradh maith
gearrthar é, agus teilgthear sa teinidh é. **10** Agus do fhíafruigh
an slúagh nile dhe, ag rádh, Ar a nadhbharsin créud do
dheunam? **11** Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ríu,
An té agá bhfuil dá chóta, roinneadh ris an té ag nach bhfuil;
agus gidh bé agá bhfuil bíadh, déanadh sé mar an gcéudna.
**12** Agus tangadar na puibliocáin mar an gcéudna ionnus
go mbaisdfidhe íad, agus a dubhradar ris, A mhaighisdir,
créud do dhéunáimné? **13** Agus a dubhairt seision ríu, Na
déunuidh ní sa mhó ná do horduigheadh dhaóibh. **14** Agus
do chuireadar na saighdiúirígh fós ceisd air, ag rádh, Agus
créad do dhéunuimne? agus a dubhairt seisean ríu, Ná
déunaidh foiréigean ar dhuine ar bith, agus ná hagraidh
duine ar bith go heugcórach agus go madh lór libh bhur
dtúarasdal féin. **15** Agus ar mbeith ag feitheamh don phobal,
agus ag smúainiughadh dhóibh uile an a gcroidhthibh a
dtimcheall Eóin, nar bheisean Chríosd, **16** Do fheagair Eóin,
ag rádh ríu uile, Baisdeamsa sibh go deimhin lé huisge;
achd a tá neach is nearthmhuire ná misi ag teachd, ag
nach fiú mé íallach a bhróg do sgáoileadh: baisdfidh seision
sibh leis an Spiorad Náomh agus lé teinidh: **17** Aga bhfuil
a chríathar an a láimh, agus glanfidh sé a urlár féin, agus
cruinnéochuidh sé an chruithneachd dá sgiobol féin; achd
loisgfidh sé an cháith lé teine nách eidir a mhúchadh. **18**
Agus ag teagasg mhóráin eile fós dó do mhinigh sé an
siosgéul don phobal. **19** Agus ar gcur an aghaidh Iórúaith an
Téatrarca dhó, fá Heródias bean Philip a dhearbhrathar,
agus fá gach uile olc dá ndearna Iorúaith, **20** Do chuir sé so
leis do bhárr ar gach ní, gur dhúin sé ar Eóin a bpríosún.
**21** Agus tárla, an tan do baisdeadh an pobal uile, agus do
bhí Iósa agá bhalsdeadh, agus ag déanamh úrnaighthe,
gur bosgladh neamh, **22** Agus gur thuirrling an Spiorad
Náomh a bhfioghair chorpardha mar cholum air, agus do
dtáinic guth ó neamh, ag rádh, Is tú mo Mhac grádhachsa;
is ionnadsa a tá mo dheaghthoil. **23** Agus do bhí Iosa féin
a dtimchioll a dheichmblíadhan fichead dáois, ar mbeith
(do réir bhreathnuighthe na ndáoine) na mbac ag Ióseph,
mhic Héli, **24** Mhic Matthat, mhic Lébhi, mhic Melchi, mhic
Ianna, mhic Ioseph, **25** Mhic Matatías, mhic Amos, mhic
Náum, mhic Esli, mhic Nagge, **26** Mhic Máat, mhic Matatías,
mhic Sémei, mhic Ióseph, mhic Iúda, **27** Mhic Ioanna, mhic
Résa, mhic Sorobábel, mhic Salatíel, mhic Néri, **28** Mhic
Melchí, mhic Addi, mhic Cósam, mhic Elmodam, mhic Er,
**29** Mhic Ióse, mhic Eliéser, mhic Iórim, mhic Matthat, mhic
Lébhi, **30** Mhic Siméon, mhic Iúda, mhic Ióseph, mhic Iónan,
mhic Eliácim, **31** Mhic Meléa, mhic Mainán, mhic Matata,
mhic Nátan, mhic Dháibhi, **32** Mhic Iessé, mhic Ohéd, mhic
Boós, mhic Salmon, mhic Náasson, **33** Mhic Aminadab,
mhic Aram, mhic Esrom, mhic Pháres, mhic Iúdah, **34** Mhic
Iácob, mhic Isaac, mhic Abraham, mhic Tará, mhic Náchor,
**35** Mhic Sáruch, mhic Rágu, mhic Phálec, mhic Héber, mhic
Salá **36** Mhic Cáinan, mhic Arphcsad, mhic Sem, mhic Noé,
mhic Lámedh, **37** Mhic Matúsala, mhic Enoch, mhic Iáred,
mhic Maleléel, mhic Cáinan, **38** Mhic Enos, mhic Séth, mhic
Adhaimh, mhic Dé.

**4** Agus ar mbeith Diosa lán don Spiorad Náomh, do fhill sé
tar a ais ó Iórdan, agus do tréornigheadh leis an Spioruid
ar an bhfásach é, **2** Feadh dhá fhichead lá an díabhal ag cur
chathuighthi air. Agus níor ith sé uí ar bith ann sna laéthibh
sin: achd ar na gcríochnnghadh, ann sin do ghabh ocras é.
**3** Agus a dubhairt an Díabhal ris, Más tú Mac Dé, abair ris
an gcloichsi bheith na harán. **4** Agus do fhreagair Iósa é,
ag rádh, A tá sgríobhtba, Nach lé harán a mháin mhairfios
an duine, achd lé gach uile bhréithir Dé. **5** Agus an tan
do thréoruigh an díabhal é, ar shlíabh árd, do thaisbén sé
ríoghachda na talmbum uile dhó moimeint daimsir. **6** Agus a
dubhairt an diabhal ris, Do bhéara misi na cumhachda so
uile dhuit, agus a nglóir: óir do tugadh dhamshsa í; agus
do bheirim í don tí as toil leam. **7** Ar a nadhbharsin má

adhrán tusa dhamhsa, budh leachd íad uile. **8** Agus ar
bhfreagra Díosa a dubhairt sé ris, Imthigh úaim, a Shátain:
óir a tá sgríobhtha, Do dhéana tú do Thighearna Día féin
dadhradh, agus is dó na áonar do dhénna tú seirbhís. **9**
Agus do thréoruigh sé é go Híarusalím agus do shuighidh
sé é ar bheinn an teampoill, agus a dubhairt sé ris, Mas tú
Mac Dé teilg thú féin síos as so: **10** O'ir a tá sgriobhtha,
Do bhéura sé áithne dhá áinglibh ad thimcheall, thusa do
choimhéud: **11** Agus toigéubhuid eidir a lámhuibh thú, deagla
go mbuailfea do chos fá chloich úair ar bith. **12** Agus ar
bhfreagra Díosa a dubhairt sé ris, A dubhradh, Ni chuirfe
tú cathughadh ar an Dtighearna do Dhía féin. **13** Agus ar
ccur críche ar a chathuighthibh uile don díabhal, dtág sé
eisean ar feadh tamuill. **14** Agus dó chas Iósa maille ré
cumhachdaibh na Spíoruide don Ghalilé: agus do chúaidh a
chlú ar feadh na tire na thimcheall. **15** Agus do theaguisg
sé ann a síonagógaibh súd, ag fagháil glóire ó gach uile
dhuine. **16** Agus táinic sé go Násaret, mar ar hoilleagh é:
agus, do chúaidh sé a steach mar budh gnath leis, lá na
sábboide don tsinagóig, agus do éirigh sé na sheasamh do
leughthóireachd. **17** Agus tugadh leabhar Esáias fáidh dhó,
agus an tan do osgail sé an leabhar, fuair se an tionad an a
raibh sgríobhtha, **18** Ta Spíorad an Tíghearna oramsa, tré
gur ong sé mé do chuir sé úadh mé do sheanmóir an tsoisgél
do na bochdoibh, do shlánughadh na ndáoine agá bhfuilid
croidhthe brúidhte, do sheanmóir fúasgalta do na braighdibh
agus do da dalluibh aisioc a radhairc, agus do tabhairt sáoirsi
don mhuinntir a tá ar na gcombrúghagh, **19** Do sheanm; óir
bhadhna fhorbháiltigh an Tighearna. **20** Agus ar ndúnagh
an leabhair dhó, agus ar na tabhairt arís don ghiolla, do
shuidh sé. Agus do bháda suile a raibh ann sa tsínagoig uile
ag féachain air go géur. **21** Agus do thionnsgain sé a rádh
ríu, niugh a tá an sgiobtúirso ar na choimhlíonadh an bhur
gclúasuibhsi. **22** Agus do rinneadar uile fiadhnuisi leis, agus
do bhí iongantus aca ann sna combráitibh grásamhla do
thigeadh as a bhéul. Agus a deirdís, An né nach é so mac
Ióseph? **23** Agus a dubhairt sé ríu, Déara sibh rium gan
ambarus an seanfhocalsa, A líagh, leighis thú féin: leitheid
na neitheadh do chúalamar do rinne tú a Gcapernáum,
déana mar an gcéudna ann so ad dhúithche féin íad **24**
Agus a dubhairt seision, A deirim ribh go deimhin, Nách
bhfuil cion ar fháidh ann a thír féin. **25** Achd go fírinneach
deirimsi ribh, Go rabhadar morán baintreachach a láethibh
Elias a Nísraél, an tráth do bhí an fhiormámeint druite trí
blíadhna agus sé mhí, ionnas go raibh gorta mhór ar feadh
na talmhan uile; **26** Achd níor cuireadh Blías dionnsoighe
áon aca, achd go Sarepta na Sidonia, chuan mná do bhí na
baintreabhaigh. **27** Agus do bhádar morán lobhar a Níseaél
ré linn Eliséus an faidh; agus níor glanagh éin neach aca,
achd Náaman an Sirianach. **28** Agus do líonadh a raibh ann
sa tsíonagóig dfeirg, an tan do chúaladar na neithesi, **29**
Agus ar néirghe na seasamh dhóibh, do theilgeadar as an
gcathruigh a mach é, agus rugadar léo é ar mhaluidh an
tsléibhe ar a raibh a gcathaire ar na togbháil, do chum go
dteilgfidis síos a ndiaigh a chine é. **30** Achd ar ngabháil
dosan tré na lár, do imthigh sé, **31** Agus do chúaigh sé síos
go Capernáum, cathair don Ghalilé, agus do bhiodh sé dhá
dteangasg ann sna sabboidibh. **32** Agus do bhí úathbhás
acasan an a theagasg: óir do bhí a comhrádh maille ré
hughdarrás. **33** Agus do bhí neach ann sa tsionagóig, ann
a raibh spiorad deamhuaighe neamhghlan, agus do éigh
sé do ghúth mhór, **34** Ag rádh, Uch; créud í an bhúain atá
aguinne riot, a Iósa Nasardha? an dár sgrisne tháinic tú? a
tá a fhios agumsa cia thú, Neach Náomhtha Dé. **35** Agus do
imdhearg Iósa é, ag rádh, Bí ad thochd, agus tárr a mach
as. Agus do imthigh an deamhan as, ar na thrasgairt go
lár, gan díoghbháil ar bith do dhéanamh dhó. **36** Agus do
ghabh crith cách uile, agus do labhradar ré chéile, ag rádh,
Créud é an níse! go náithingheann sé do na spiorádaibh go
neamhghlana lé cumhachdaibh agus lé neart, agus go dtigid
siad a mach. **37** Agus do chúaidh a thúarasghbháil an gach
uile ionard don tirsin tancheall. **38** Agus an tan do éirigh Iósa
as an tsínagóig, do chúaidh sé a steach go tigh Shímóin.
Agus do bhí fiabhrus romhór ar mháthair mhná Shimóin;
agus do chuireadar impidhe airsean air a son. **39** Agus ar
seasamh dhosan ós a cionn, do imdhearg sé an fiabhrus;
agus dfag an fíabhrus í: agus ar néirghe dhisi do lathair do
rinne sí friotholamh dhóibh. **40** Agus ar ndul don ghrein faoi,
gach áon ága rabhadar dáoine eagcrúaidh ó thinneasaibh
éugsamhla tugadar chuigesean íad; agus ar gcur a láimh
dhósan ar gach áon díobh, do shlánuigh sé íad. **41** Agus
fós do imthighid ís na deamhain as mórán, ag éighmhe,
agus ag rádh, Is tusa Críod Mac Dé. Achd dá nimdheargadh
dhósan ní léigheadh sé dhóibh a rádh: go raibh a fhios aca
gur bhé féin Críosd. **42** Agus ar néirghe don lá, do imthigh
sé a mach, agus do chúaidh sé a nionad fasamháil: agus
do bhí an slúagh agá lorgaireachd, agus tangadar chuige,
agus do bhádar dá chonghbhail, do chum nách achradh sé
úatha. **43** Achd a dubhairt seision ríu, Go firinneach is éigin
damhsa flaitheas Dé do sheanmóir do chaithreachaibh eile
leis: óir is chuige so do cuireadh mé. **44** Agus do bhíodh sé
ag deanamh seanmóra a síonagogaibh na Galilé.

**5** Agus tárla, an tau do ling an pobal air déisfeach ré
bréithir Dé, gur sheas seision láimh ré loch Ghenesaret,
**2** Agus do chonnairc sé dhá luing do bhí ar an loch achd
do imthigheadar na híasgaireadha asda, agus do bhíadar
ag nighe a líontadh. **3** Agus ar ndul dósan a loing dhíobh,
do budh lé Símón, do íarr sé air dul beagán ón tír. Agus
ar suidhe dhó do theagaisg sé an pobal as an luing. **4**
Agus mar do sguir sé do labhairt, a dubhairt sé ré Símón,
Déunuigh romhaibh ar an ndubhaigéun, agus leigidh sios
bhir líontagh chum gabhála. **5** Agus ar bhfreagra do Shímon
a dubhairt sé ris, A Mhaighisdir, do thuirrsigheamar sinn
féin feadh na hoidhche uile, agus níor ghabhamair éin ní:
achd cheana ar do bhreithir se cuirfe mé síos an líon. **6**
Agus an tan do rinneadar so, do íadhadar ar iomarchuigh
éisg: ionnus gur briseadh a líon. **7** Agus do sméideadar ar
a gcompánachuibh, do bhí ann sa luing eile, do chum go
dtiocfaidis chuca do thabhairt chunghnamh, dhóibh. Agus
thangadarsan, agus do líonadar an dá luing, ionnus go
rabhadar a niunmhe a mbáidhte. **8** Agus an tan do chonnairc
Símon Peadar so, do shléuchd sé ag giúinibh Iósa, ag rádh,
Imthigh úaim a Thighearna; óir is duine peacthach mé. **9**
Óir do ghabh eagla é féin, agus a raibh na fhochair uile,
ar son na gabhála éisg do ghabhadar: **10** Agus mar an
gcéadna Séumas, agus Eóin, clan Shebedei, do bhí na
gcompánachuibh ag Simon. Agus a dubhairt Iósa ré Símon,
Na bíodh eagla ort; as so a mach bíaidh tú iasgaire ar
dháoinibh. **11** Agus an tan tugadarsan a ienga chum tire,
ar bhfagbháil an uile neither dhóibh, do leanadar eisean.
**12** Agus tárla, an tan do bhí sé a ccathruigh áirighe, fénch
óglach lán do lubhra: agus ar bhfaicsin Iósa dhó do leig
sé é féin síos ar aghaidh, agus do ghuidh sé é, a rádh,
A Thighearna, más toil leachd é, is éidir leachd misi do
ghlanadh **13** Agus ar sineadh a láimhe, do bhean sé ris, ag
radh, As toil: bí glan. Agus dfag an lubhra é ar an mball. **14**
Agus do aithin sé dhe gan a innisin do dhuine ar bith: achd
imthigh, taisbéin thú féin don tsagart, agus íodhbair ar son
do ghlanta, mar do aithin Máoisi, mar fhíaghnaisi dhóibh. **15**
Achd is móide do leathnuighe a thúarasghbháil sin: agus
do chruinnigh slúagh mór déisdeachd ris, agus dfagháil
fóiríghne a dteinneas úadh. **16** Achd do chúaidh seisean fá
leith ar an bhfasach, agus do rinne sé urnuighe. **17** Agus
tárla go raibh sé lá áirighe, ag teagasg, agus go rabhadar na
Phairisínigh agus doctúirí an dlighe na suidhe a láthair, noch
tháinic as gach uile bhaile don Ghalilé, agus do thir Iúdaighe,
agus ó Jerusaléim: agus do bhí cumhachda an Tighearna
chum a slánuighthe. **18** Agus, féuch, do íomchradar dáoine
a leabuidh oglach do bhí a bpairilis: agus do íarradar a
thabhairt a sdeach, agus a chur na fhíadhnuisisean. **19** Agus
an tráth nach bhfuaradar cáoi ar a thabhairt a sdeach tré
mhéud ná cuideachda, do chúadar súas ar a tigh, agus do
léigeadar é féin, agus a leabuidh sios tríd an slinnteach ar
lár, a bhfíaghnuisi Iósa. **20** Agus ar bhfaicsin a gcreidimh
dhósan, a dubhairt sé ris, A dhuine, a táid do pheacuidh ar
na maithleamh dhuit. **21** Agus thionnsgnadar na sgríobuidhe
agus na Phairisinigh diosbóireachd do dhéanamh, ag rádh,
Créd é an fearsa labhras blaisphéimighe? Cía fheúdus
peacuigh do mhaitheamh, achd Día ná áonar? **22** Achd
ar naithne a smúaintighe Díosa, do fhreagair sé, agus a
dubhairt sé ríu; Créd é an ní so smuaintighthísi an bhur
gcroidhthibh? **23** Cia is usa, a rádh, A táid do pheacuidh ar
na maitheamh dhuit; ná a rádh, Eirigh agus siobhail? **24** Achd
do chum go mbeith a fhíios agaibh go bhfuil cumhachda ag
Mac an duine, peacuidh do mhaitheamh ar an dtalamh, (a
dubhairt sé ré fear na pairilisi, ) A deirimsi riot, Eirigh, tóg
do leabuidh, agus imthigh dod thigh. **25** Agus ar néirghe
dhósan ar an mball an a bhfiadhnuisi, do thóg an leabuidh
an raibh sé na luighe, agus do chuaidh sé dhá thigh fein,
ag moládh Dé. **26** Agus do ghabh úathbhás cách uile,
agus do mholadar Día, agus do líonadh deagla íad, ag
rádh, Do choncamair neithe doichreidte a niugh. **27** Agus
tar éisi so do chúaidh Iósa a mach, agus do chonnairc
sé puibliocán, dár bháinm Lébhi, na shuidhe ag bord an
chusduim: agus a dubharit séris, Lean misi. **28** Agus ar
bhfágbháil gach éin neithe dhósan, déirigh sé, agus do lean
sé eisean. **29** Agus do rinne Lébhi féusda mór dhó an a
thigh féin: agus do bhí cuideachda mhór phuibliocán agus
dáoine eile do shuidh na bhfochair. **30** Agus do rinne cuid
díobh do bhi na sgríobuidhibh agus na Bhphairisíneachuibh
monabhar a naghaidh a dheisciobalsan, ag rádh, Creud fá
niththísi agus fá nibhthí a bhfochair na bpuibliocán agus na
bpeacthach? **31** Agus ag freagra a dubhairt Iósa ríu, Ní bhfuil
ríachdanus leágha ar na dáoinibh slána; achd ar na dáoinibh
tinne. **32** Ní tháinic misi do ghairm na bhfiréunach, achd na
bpeacthach chum aithrighe. **33** Achd a dubhradarsan ris,
Créud fá dtroisgid deisciobail Eóin go minic, agus créd fá
ndéunuid síad urrnaighe, agus mar an gcéudna deisciobail
na Bhphairisíneach; achd ithid agus ibhid do dheisciobailsi?
**34** Agus a dubhairt seision ríu, An bhféadtáoisi a thabhairt air
chloinn tséomra an fhir núa phósda trosgadh do dhéunamh,
an feadh bhías sé féin na bhfochair? **35** Achd tiocfaid na
láethe an tan bhéurthar an fear núa phósda úatha, ann
sna láethibh sin do dhéunuid síad trosgadh. **36** Agus a
dubhairt sé fós tré chosamhlachd ríu; Ní chuireann neach
ar bith preabán éuduigh núa air sheanchulaidh, nó, brisidh

an téudach núa é, agus ní thig an preabán núaéuduigh
leis a tseinéudach? 37 Agus ní chuireann duine ar bith fíon
núa a seanbhuidéuluibh; nó brisfidh an fíon núa na buidéil,
agus dóirtfidhear an fíon agus rachuid na buidéil a múgba.
38 Achd fíon núa is cóir do chur a mbuidéuluibh núadha;
agus béid síad aráon slán. 39 Agus ní bhfuil duine ar bith
ibheas seinfhíon lér ab áill fíon núa ar ball: óir a deir sé, Is é
seinfhíon is folláine.

**6** Agus tárla ag ghabháil trí ghortuibh dhósan, an dara
sábboid taréis an cheud gur bheanadar a dheisciobáil
déusa, agus tar éis a gcunnealta eidir a lámhuibh dhóibh,
dúadar íad. 2 Achd a dubhradar cuid do na Pharisineachuibh
ríu, Créd fa ndéuntáoi ní nach indéanta ann sa tsáoire?
3 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ríu, An né nár
leughabhuirsi an ní so, do rinne Dáibhi, an tan do bhí ocrus
air féin, agus ar an mhuinntir do bhí na fharradh; 4 Cionnus
do chúaidh sé a sdeach go tigh Dé, agus do ghlac sé arán
na fiaghnuisi agus a dúaigh sé é, agus tug sé fós don
mhuinntir do bhí na fhochair é: noch nár choir ithe achd do
na sagurtuibh amháin? 5 Agus a dubhairt seisean ríu, As
Tighearna don tsábboid féin Mac an duine. 6 Agus tárla
fós a sábbóid eile, go ndeachuidh seisean a sdeach don
tsinagóg agus gur theaguisg sé: agus do bhí óglach ann
sin agá raibh a lámh dheas ar na seargadh. 7 Agus do bhí
coimhéud ag na sgríobuidhibh agus ag na Pharisineachuibh
airsean, dá fhéuchuin an ndéanadh sé leigheas ann sa
tsábbóid; do chum go bhfuighidís adhbar gearáin air. 8 Achd
daithin seisean a smúaintighthe, agus a dubhairt sé ris an
duine agá raibh an lámh sheargthuigh, Eirigh, agus seas
a lar cháich. Agus do éirigh seision agus do sheas sé. 9
Ann sin a dubhairt Iósa ríusan, Fíafróchaidh misi dhíbhsi ní
áirighe An cóir maith do dheanamh, nó olc dhéanamh sá
tsábbóid? anum do shábháil, nó do sgrios? 10 Agus an tan
do fhéuch sé orrtha uile na thimcheall, a dubhairt sé ris a
nóglach, Sín amach do lámh. Agus do rinne seisean mar sin:
agus do haiseagadh a lámh slán mar an lámh eile. 11 Agus
do líonadh íadsan do chuthach; agus do lúaidheadar ré a
chéile créd do dheunaidis ré Híosa. 12 Agus tárla ann sna
láethibh sin, go ndeachuidh seisean amach ar shlíabh do
dhéunamh úrnaighe, agus do chaith sé an oidhche ag guidhe
Dé. 13 Agus ar néirghe don lá, do ghoir sé a dhesiciobail
chuige: agus do thogh sé dhá fhéar dhéug asda, dár ghoir se
absdail; 14 Simon, dár ghoir sé fós Peadar, agus Aindrías a
dhearbhráthair, Séumas agus Eóin, Philip agus Bartoloméus,
15 Matha agus Tomás, Séumas mac Alphei, agus Simon da
ngoirthear Selótes. 16 Iudás deatbhráthair Shéumuis, agus
Iudás Iscariót, (an té fós do bhráth eision). 17 Agus táinig sé
a núas léo, agus do sheas sé ar mhachuire réidh, agus a
choimhthionól deisciobail, agus mórán mór do phobal ó thír
Iúdaighe uile agus ó Ierusalem, agus ó chois fairrge Thírus
agus Shídon, noch tháinig deisdeachd leisin, agus dfagháil
leighis ar a neasláintibh; 18 Agus a raibh ar ná gciorrbhadh
ag spioraduibh neamhglana, agus do leighiseadh íad. 19
Agus do bhí an slúagh uile ag íarruidh cuimealta ris: óir
do bhídh subhailce ag dul úadh, agus do shlánuidh sé
iad uile. 20 Agus are dtógbháil a shúl súas dósan air a
dheisciobluibh, a duiubhairt sé, As beannaighthe sibhsi a
dháoine bochda: óir as libh flaitheas Dé. 21 As beannaighthe
sibh a dháoine atá ocrach a nois: óir sáiséochthar sibh. As
beannaighthe sibhsi cháoidheas a nois: óir do dhéuntáoi
gáire. 22 As beannaighthe bheithí, an tráth fhúathóchuid
dáoine sibh, agus chuirfid siad as a gcuideachda sibh, agus
imdheargfuid sibh, agus chuirfid bhur nainm amach mar
olc, ar son Mhic an duine. 23 Déunnidh gáirdeachus an lá
sin, agus éirghidh a náirde ré lúthgháire: óir, féuch, as mór
bhur lúaidheachd ar neamh: oír as mar sin do rinneadar a
naithreacha ris na faibhibh. 24 Achd as anáoibhinn dáoibhsi
a dháoine saidhbhre! óir atá bhur sólás aguibh. 25 As
anáoibhinn dáoibh a dháoine atá sáitheach! óir biáidh ocras
orúibh. As anáoibhinn dáoibh a dháoine atá a gáirighe a
nois! óir cáoifidhe agus goilfidhe. 26 As anáoibhinn dáoibh,
an tráth a déuruid na huile dháoíne mith ribh! óir as mar
sin do rinneadar a naithreacha ris na fáidhibh fallsa. 27
Achd a deirim ribhsi atá ag éisdeachd, Grádhuighidh bhur
námhuid, déunuidh maith don dreim air ar fúadh sibh,
28 Tabhruidh bhur mbeannachd don dreim mhalluigheas
sibh, agus déunuidh urrnaíghe ar son na muinntire do ní
bhur ndíoghbháil. 29 An té bhúaileas tú air a ngíall iompó
chuige an gíall eile; agus an té bheanus do chlóca dhíot
ná bac dhe do chíota fós a bhreith leis. 30 Agus tabhuir
do gach neach íarrus ort; agus ón te thógbhás do chuid
úait ná híarr air ais é. 31 Agus mar as toil libh dáoine do
dhéunamh dhíbh, deunuidhsi mar an gcéudna dhóibhsin.
32 Oír má tá grádh aguibh don mhuinntir ghrádhuigheas
sibh, créud é an buidheachus bhías oruibh? óir grádhuighid
ná peacthuigh féin na dáoine ghrádhuigheas íad. 33 Agus
má níthí maith don mhuinntir do ní maith dhíbh, créud é
an buidheachus bhías oruibh? óir do níd na peachtuidh
féin an gcéadna. 34 Agus dá dtugtháoi áirleagadh dona
dáoinibh ó a sáoltí a fhagháil a rís, créud é an buidheachus
bhias oruibh? óir do bheirid na peachthaidh áirleagadh
do na peachthachaibh, do chum go bhfuighdís a leitheid
a rís. 35 Ar a nadhbharsin grádhuighidh bhur námhuid,

agus déunuidh maith, agus tabhruidh áirleaghadh úaibh,
gan súil ré héinní arís; agus budh mór bhur lúaideachd,
agus beithí bhur gcloinn ag an té as Airde: óir bí seisean
cinealta les na dáoinibh dombuídheacha agus saithe. 36
Ar a nadhbharsin bíthísi trócaireach, mar atá bhur Nathuir
trocuireach. 37 Agus ná beiridh breath, agus ní bhéurthar
breath oruibh: ná damnuighe, agus ní daiméontar sibh:
maithidh, agus maithfithear dháoibh: 38 Tabhruidh úaibh,
agus do bhéurthar dháoibh; agus do bhéuruid dáoine an bhur
nnched, moisúr maith, dingthe, craithte agus ag dul thairis.
Oír as lesi an miosúr an a dtoimhéosdáoi, toimhéosdar mar
an gcéudna dháoibh. 39 Agus do labhuir se cosamhlachd
ríu, An bhféudann an dall dhall eile dothreorigheadh? an ne
neach duitdfid aráon sa díg? 40 Ní bhfuil an deisciobal ós
cionn a mhaighisdir: achd gidh bé neach bhus diongmhála,
bíaidh sé mar a mhaighisdir. 41 Agus créud fa a bhfaiceann
tú an broth beag a súil do dhearbhráthar, agus nach dtugair
dod aire an tsail atá ad shúil féin? 42 Nó cionnus as
éidir leachd a rádh réd dhearbhrathair, A dhearbhrathair,
léig dhamh an broth atá ad shúil do bháin aisde, agus
nách bhfaiceann tú an tsail atá ad shuil féin? A fhir an
dhúarchrábhuidh, ar tus teílg amach an tsail as do shuil
féin, agus an sin bhus léir dhuit, an broth atá a súil de
dhearbhráthar do bhúain aisde. 43 Oír ni maith an crann
iomchras drochthoradh; agus ní holc an crann iomchras
toradh maith. 44 Oír is ó a thoradh aitheantar gach uile
chrann. Oír ní chruinnighid dáoine fígidhe do dheilgneach,
na cáora fineamhna do dhriseach. 45 Do bheir an duine
maith ní maith as cisde maith a chroidhe féin; agus do bheir
an droch dhuine droch ní as droch chisde a chróidhe fein:
oír is as iomarcuidh an chróidhe, labhrus an béal. 46 Achd
créud fá ngoirthísi, A Thighearna, a Thighearna dhíomsa,
agus nach déuntáoi na neithe a deirim? 47 Gach uile neach
thig chugamsa, agus éisdeas rém bhríaththruibh, agus do ní
dhá reir, foillséochuidh mé dháoibhsi cía ré ar cosmhuil é: 48
As cosmhuil é ré neach do thóg a thigh, agus do thochail,
agus do chúaidh go domhuin a dtalumh, agus do chuir a
shocrughadh ar charruig: agus mar tháinig an tuile, do bhúail
an sruth go fíochmhar fán dtigh úd, achd níor bhéidir leis a
chorrughadh: óir do bhí sé socrughthe ar charruig. 49 Achd
gidh bé chluin, agus nach deun, as cosmhuil é ré neach do
thóg a thigh air thalamh gan socrughadh; air ar bhúail an
tuile go fíochmhar, agus do thuit sé do láthair; agus ba mór
tuitim an tighe sin.

**7** Agus an tráth do chríochnuigh sé a bhríathra uile a
néisdeachd an phobail, do chúaidh sé a sdeach go
Capernáum. 2 Agus do bhí óglach caiptin áirighe, go
bréoite, a riochd bháis, air a raibh cion mór aige. 3 Agus
an tan do chúaluidh sé tuarasgbháil Iósa, do chuir sé
sinnsir na Níuduighe chuge, ag íarruidh air teachd agus a
shearbhfhoghantuidhe shlánughadh 4 Agus an tan thangadar
so chum Iósa, díarradar air go díthcheallach, ag rádh,
Gur bhfíu é so do thabhuirt dó: 5 Oír atá grádh áige dar
gcineadhne, agus do thóg sé sionagóg dhúinne. 6 Agus
do chuaidh Iósa léo. Agus an tan do bhí sé a ngar don
tigh, do chuir an caiptín a cháirde chuige, ag rádh ris, A
Thighearna, Ná cuir búaidhreadh ort féin: óir ní fíu misi go
rachfá a sdeach fá chléith mo thighe: 7 Ar a nadhbharsin níor
mheas mé gur bhfíu mé féin dul ad ionnsuighe: achd abhuir
a bhfocal, agus bíaidh móglach slán. 8 Oír as duine misi
féin atá faoi chumhachdiabh. Aga bhfuilid saighdíuirigh fum,
agus a deirim ris an bhfearso, Imthigh, agus imthighe sé;
agus ré fear eíle, Tárr, agus thigh sé; 9 Agus ar ná gcloisdin
so Díosa, do bhí iongnadh aige ann, agus ar bhfilleadh dhó,
a dubhairt sé ris a tslúagh do lean é, A deirim ribh, Nach
bhfuair mé a Nisrael féin, a chomhmór se do chreideamh. 10
Agus ar bhfilleadh a steach, do na teachduiribh do cuireadh
chuige, fúaradar an searchfhoghantaidh do bhí tinn slán.
11 Agus tárla an lá na dhiáigh sin, go ndeachaidh sé don
chathruigh dá ngoirthear Náin; agus do chúadar mórán dá
dheisciobluibh leis, agus buidhean mhór. 12 Agus an tan
tháinig sé a ngar do dhoras na caithreach, fénch, do bhí
duine marbh agá bhreith amach, do bhí na áon mhac agá
mháthair, agus í na baintreabhaigh; agus do bhí coimhthionól
mór ón chathruigh na fochair. 13 Agus ar na faicsin don
Tighearna, do ghabh trúaighe mhór dhi é, agus a dubhairt
sé ría, Na guil. 14 Agus táinic sé agus do bhean sé ris
an gcomhraidh: (agus do sheasadar an luchd do bhí agá
iomchar) agus a dubhairt sé; A ógánaigh, a deirim riot,
éirigh. 15 Agus déirigh an duine marbh na shuidhe, agus do
thionnsgain sé labhairt. Agus tug sé dhá mháthair féin é. 16
Agus do ghabh eagla íad uile: agus tugadar glóir do Dhía,
ag rádh, Déirghe fáidh mór an ar measg; agus, Dféuch Día
ar a phobal féin. 17 Agus do chúaidh an túarasgbháil so
amach air féadh thíre Iúdaighe uile, agus air feadh gach
éintíre timcheall. 18 Agus dinnseadar a dheisciobail na neithe
so uile Déoin. 19 Agus are ngairm Deóin deisi áirighe dá
dheisciobluibh chuige do chuir sé dionsuighe Iósa íad, ag
rádh, An tusa an té do bhí chum teachda? nó an bhfuilmid
ag feathamh ré neach eile? 20 Agus an tan thangadar na
firsi shuigesean, a dubhradar, Do chuir Eóin Baisde sinne
chugad, ag rádh, An tusa an té do bhí chum teachda? nó an
bhfuilmid ag feathamh ré neach eile? 21 Agus ar an uár

sin fein do chlánuigh seisean mórán dáoine ó easláintibh
agus ó phláighibh, agus ó dhroch spioraduibh; agus thug
sé á radharc do mhórán dall. 22 Agus ar bhfreagra Díosa
a dubhairt sé ríu, Ar nimtheachd díbh, innisidh Deóin na
neithe do chonncabhair agus do chúalabhair; go bhfaicid
na daill, go siubhlaíd na bacuidh, go nglantar na lobhair,
go gchimid na bodhair, go néirghid na mairbh, go bhfuil
an soisgéul dá sheanmóir do na bochdaibh. 23 Agus as
beannaighthe an té, nach bhfuighe oilbhéim ionnumsa.
24 Agus an tráth do imthigheadar teachdairighe Eóin, do
thionnsgoin seison a rádh ris an bpobal a dtimcheall Eóin,
Créud é an ní agá ndeachabhair dhá fhéuchain amach ar an
bhfásach? An giolcach ar na bhogadh ag an ngaoith? 25
Achd créud é an ní agá ndeachabhair amach dá Chéuchuin?
Duine atá ar na éudughadh a néuduighibh mine? Féuch, an
luchd bhíos a néudaighibh onóracha, agus a saimhe, is a
bpálásuibh na ríogh bhíd said. 26 Achd créd é an ní agá
ndeachubhair amach dhá fhéuchuin? Fáidh? A deirim ribh
go firinneach, agus ní as mó ná faidh. 27 Ag so an te, ar a
bhfuil sgríobhtha, Féuch, cuirim mo theachdaire romhad,
oillmhéochus do shlighe romhad. 28 Oir a deirim ribh, Nach
bhfuil éidir chlannuibh na mban faidh as mó ná Eóin Baisde:
Achd cheana an té as lugha a rioghachd Dé as mó é na
eisean. 29 Agus ar na gcloisdin so, do mholadar an pobal
uile, agus na puibliocáin, Día, do bhí ar na mhaisdeadh ré
baisdeadh Eóin. 30 Achd tugadar na Phairsínigh agus an
luchd dlighe tarcuisne ar choinhairle Dé na naghuídh féin,
gan a bheith ar na mhaisdeagh úadhsan. 31 Agus a dubhairt
an Tighearna, Cía ré saimhéola mé daóine an chinidh so?
agus cía ré ar comshuil íad? 32 As cosmhul íad re leanbuibh
na suidhe ar áit an mharguidh, agus éighmheas ar á chéile,
agus a deir: Dó rinneamair píobaireachd dhaóibh, agus ní
dhearnabhair damhsa; do rinneamair caoí dhaóibh, agus
ní dhearnabhair gul. 33 Oír tháinig Eóin Baisde ní ag ithe
aráin ná ag ol fíona; agus a deirthísi, Atá deamhan ann. 34
Tháinic Mac an duine ag ithe agus ag ól; agus a deirthí,
Feuch an duine cráosach, fioníobhaighe cara na bpuibliocán
agus na bpeachthach! 35 Achd atá an eagna ar na sáoradh
ó na cloinn féin uile. 36 Agus do íarr duine áirighe do na
phairisíneachaibh air, bíadh ithe na fhochair. Agus ar ndul a
sdeach go tigh an phairisínigh dhó, do shuidh sé sios chum
bídh. 37 Agus, féuch, an tráth fúair bean don chatbraigh,
do bhí na peachthach, a fhios go raibh sé na shuidhe ag
bíadh a dtígh an phairisinigh, tug si bocsa ola lé, 38 Agus
ar seasamh agá chosuibh don táobh shiar dhe ag gul, do
thionnsgain sí a chosa dionnladh lé na déuruibh, agus a
dtiurmughadh lé gruáig a cinn, agus do phóg sí a chosa,
agus do ong sí leis an ola ía d. 39 Agus an tan do chonnaire
an phairisineach tug an cuirteadh dhósan sin, smuáin sé na
inntinn, ag rádh, Dá madh fáidh an fearso, daithnéochadh
sé cía agus gá bionnus an bheanso bheanus ris, óir as
peacthach í. 40 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé
rís, A Shiomóin, atá ní agam ré rádh riot. Agus a dubhairt
seision, A Mhaighisdir, abuir romhad. 41 Do bhádar días
dfeitheamhnuibh ag fear áirligthe: do dhligh sé cúig chéad
pighinn dfior aca, agus cáogad don dara fear. 42 Agus an
tráth nach raibh díolaigheachd ag ceachdar díobh ré na
thabhairt dó, do mhaith sé dhóibh aráon. Uime sin ínnis
damhsa, cia aca léir ab annsa é? 43 Agus ar bhfreagra do
Shímón a dubhairt sé, Measuim gur leis an té, dár mhaith
sé an tsuim as mó Agus a dubhairt seision is, As maith an
bhreath rug tú. 44 Agus ar bhfilleadh dhó chum na mná,
a dubhairt sé ré Síomón, An bhfaicean tú an bhean so?
tháinic misi a sdeach dod thighsi agus ní thug tú uisgi chum
mo chos díonladh: achd do nigh an bhean so mo chosa le
na déuruibh, agus dé thiormuigh sí íad le grúaig a cinn. 45
Ní thug tusa póg dhamh: achd ó tháinig mé a sdeach níor
choisg sisi do phógadh mo chos. 46 Níor ong tú mo cheann
lé hola: achd do ong an bhean so mo chosa ré huinnement.
47 Ar a nadhbharsin a deirim riot, Go bhfuilid a hiomad
peacaidh, ar na maitheamh dhi; air sin as mór a grádheas
sí. Achd gidh bé dá maithtear beagan as beag grádhuigheas
sé. 48 Agus a dubhairt sé ría, Atáid do pheacuidh ar na
maitheamh dhuit. 49 Agus do thionnsgnadar an lion do bhí
na suidhe na fhochair air an mbórd, a rádh ionnta féin, Cía
an fear so mhaitheas na peacuidh mar an gceadna? 50 Agus
a dubhairt sé ris an mnáoi, Do shlánuigh do chréideamh thú;
imthigh a síothcháin.

**8** Agus tárla na dhiáigh so, gur shiobhuil seisean tré
gach cathair, agus gach baile, ag seanmórughadh,
agus ag siosgéulughadh ríoghachda Dé: agus an dá fhear
dhég na fhochair, 2 Agus mná áirighe, do leigheasadh ó
dhroichspioraduibh agus ó easláintibh, Muire dá ngoirthí
Mhagdalén, as a ndeachadar seachd ndeamhain, 3 Agus
Ioanna bean Chúsa feadmannuigh Iorúaith, agus Susanna,
agus mórán eile, do chaith risean dá máoin féin. 4 Agus an
tan do chruinnigh buidhean mhórr, agus trangadar as gach
uile chathruigh chuigesion, do labhair sé a gcosamhlachd riú:
5 Do chúaidh síoladóir áirighe amach do chur a shíl féin: agus
ag cur an tsíl do, do thuit cuid de chois na sligheadh; agus
ag cur an tsíl dó, do thuit cuid de chois na sligheadh; agus
do brughadh fá chosaibh dáoine é, agus dithadar énlaith a
naiéir é. 6 Agus do thuit cuid eile ar charraic; agus ar bhás

dó, do shearg sé, do bhrígh nach raibh taisleach aige. **7**
Agus do thuit cuid eile a measg deilguigh; agus ar bhfas don
deilgneach a náoinfheachd ris, do thachdadar é. **8** Agus do
thuit cuid eile a dtalamh mhaith, agus an tan do fhás sé, tug
sé toradh céadach úadh. Agus ar na rádh so dhó, do éigh
sé, Gidh be agá bhfuilid clúasa chum éisdeachda, éisdeadh
sé. **9** Agus do fhiáfruigheadar a dheisciobuil de, ag rádh,
Créd é an chosamhachdsin? **10** Agus a dubhairt seisean, Is
dáoibhsi tugadh rúndiamhra rioghachda Dé daithniughadh:
achd do chách eile a ccosamhlachduibh; ionnus ag faicsin
dóibh nach bhfaicdís, agus ag cluinsin dóibh nach dtuigfidís.
**11** Ag so an chosamhlachd: a sé an síol bríathar Dé. **12**
Agus an dream úd chois na sligheadh a siad éisdeas; na
dhiáigh sin tig an díabhal, agus tógbhuidh sé an bhriáthar as
a gcróidhe, deagla go gcreidfidís agus go slánéochtháoi
iád. **13** Agus an dream úd air an gcarruic, noch an tan do
chluinid, gabhuid chuca an briathar maille lé gáirdeachus;
achd ní bhfuil fréamh aca so, noch chreideas feadh tamuill,
agus fhilleas ar a nais a naimsir an chathaigthe. **14** Achd an
ní úd do thuit a measg na ndeilbneach, a siad so do éisd,
achd ar nimtheachd dóibh, muchtar íad lé cúram agus lé
saidhbhreas agus lé saímhe na beatha, agus ní thabhruid
toradh úatha. **15** Achd an ní do thuit ann sa talamh mhaith,
a said súd éisdeas ris an mbreithir, agus chungmhas é a
gcroidhe shocraidh mhaith, agus do bheirid toradh úatha a
bhfoighid. **16** Achd ní bhfuil neach ar bith, Iasas coinneall,
fholchas fáoi shouightheach í, ná chuireas fáoi leabuidh í;
achd cuiridh sé a gcoinnleóir í, do chum go bhfaicfheadh
an luchd théid a sdeach an solas. **17** Oír ní bhfuil éin ní
foluightheach, nach déuntar follas; na secréideach, nach
bhfuighthear a fhios agus nach dtiocfaidh chum soillsi. **18** Ar
a nadhbharsin tabhruidh bhur naire ribh cionnas éisdeas
sibh: óir gidh be neach agá bhfuil, is dó do bhéarthar;
agus gidh bé neach ag nach bhfuil, béarthar úadh an ní
fós sháoiltear do bheith aige. **19** Agus tangadar a mhathair
agus a dhearbhraithreacha chuige, agus níor bhéidir leó
dul a ngar dhósan ón tslúagh. **20** Agus so hinniseadh dhó,
ag rádh, Atá do mhathair agus do dhearbhraithreacha na
seasamh a muigh, ag iarruidh tfáicsin. **21** Agus are bhfreagra
dhósan a dubhairt sé riu, a siad so mo mhathairse agus mo
dhearbhráithreacha noch éisdeas bríathar Dé, agus do ní dá
réir. **22** Agus tárla lá áirighe, go ndeachaidh seisean agus a
dheisciobuil a luing: agus a dubbhart sé riú, Déanam ar an
táobh úd a nunn don loch. Agus do sdiúradar rompa. **23**
Agus ag luingseórachd dóibh do thuit a chodladh airsean:
agus do éirigh sdoirmgháoithe ar an loch; agus do líonadh
súas íad, agus do bhádar a ngábhadh. **24** Agus ar ndol
cuigesean dóibh, do dhúisgeadar é, ag rádh, A Mhaighisdir,
a mhaighisdir, a támaoid ar fágbháil. Agus ar neirghe dhósan
do bhagair sé ar an gaoith agus ar thonnghail a nuisge: agus
do choisgeadar, agus tainic ciuinas ann. **25** Agus a dubhairt
sé ríu, Cáit an a bhfuil bhar gcreideamh? agus ar mbeith
le heagla dhóibhsion do ghabh iongnadh íad, ag rádh ré
chéile, Cia be so! a deir ris na gáothaibh agus ris a nuisge
fós bheith na dtochd, agus úmhluighid said dó. **26** Agus do
rinneader loingscórachd go crich na Ngadarénach, atá as
comhair na Galilé a nunn. **27** Agus ar ndol a dtír dhósan,
tárla óglach áirighe as an gcathruigh air, ann a rabhadar
deamhuin re haimsir fhada, agus ag nach bíodh éadach
uime, agus ní comhnuigheadh sé a dtigh, achd an sna
tuámaidhibh. **28** Agus ag faicsin Iósa dhó, agus ag éighmhe,
do theilg sé é féin siós aga chosaibh, agus a dubhairt sé
do ghuth ard, Créd é mo chuidsi dhiót, a Iósa, a Mhic Dé
ro áird? Iarruim ort, gan mo phiánadh. **29** Oir do aithin sé
don spiorad neamhghlan dol as an duine. Oír is iomdha
uáir do bheireadh sé siothadh air: agus do cheangluidh le
slabhraidhibh agus dp cpimhéaduibh le géimhleachuibh é;
agus ar mbriseadh na gcuibhreach dhósan, do thiománadh
an deamhan fá na fasaighibh e. **30** Agus dfiafruidh Iósa
dhé, ag rádh, Créd is ainm dhuit? Agus a dubhairt seision,
Leighión: do brígh go ndeachádar mórán deamhan a sdeach
ann. **31** Agus diárradar air gan a chur dfiachaibh ortha dul
ann sa dubhaigen. **(Abyssos g12)** **32** Agus so bhí tréd mór muc
ann sin ag inghilt ar a tslíabh: agus diárradar air a léigean
doibh dul ionnta. Agus dfulaing seísion sin dóibh. **33** Agus ar
ndul do na deamhnuibh as an duine, do chúadar ann sna
mucaibh: agus do rith an tréd muc ris a nail ann sa loch,
agus do múchadh iád. **34** Agus an trath do chunncadar a
háodhairidhe an ní do rinneadh an, do theitheadar, agus ar
nimtheachd dóibh dinnseador sin ann sa chatruigh agus ar
na machairibh. **35** Agus do chúadarsan amach dféachain an
neith do rinneadh; agus tangadar dionnsuighe Iósa, agus
fúaradar an duine, as a ndeachadar na deamhuin, a na
éadughadh, agus é ar deaghcheill, na shuidhe ag cosaibh
Iósa: agus go ghabh eagla íad. **36** Agus an dream do bhí dhá
fhéachain dinnsigheadar dhóibsion cionnas do slánaigheadh
an tí iona rabhadar na deamhuin. **37** Agus diárradar luchd
chríche na Ngadarenach uile airsion imtheachd úatha; oír do
bhí eagla ro mhór orrtha: agus ar ndol dósan ann sa luing,
dfill sé tar ais. **38** Agus díarr an fear as a ndeachadar na
deamhuin air, é fein do bheith na fhochair: achd léig Iósa
úadh é, ag rádh, **39** Fill dod thigh féin, agus innis meúd na
neitheann do rinne Día dhuit. Agus do imthigh seision, ar
feadh na caithreach uile ag innisin créd íad na neithe do

rinne Iósa dhó. **40** Agus tárla, an tan do fhill Iósa tar ais gur
ghabh an sluagh chuca é: óir do bhádar uile ag feitheamh
ris. **41** Agus, féuch, táinic neach áirighe dar bhainm Iáirus, do
bhí na úachdarán ar a tsinagóig: agus an tan do shléuchd sé
ag cosaibh Iósa, diárr sé dathchuinghidh air dul leis dá thigh
féin: **42** Do bhrígh go raibh éinghein inghine aige, timcheall a
dá bhliadhan dég, agus í fagháil bhais. Achd ar mbeith ag
imtheachd dhó do bhí an sluagh dha bhrughadh. **43** Agus
bean do bhí a bhflucsa fola dá bhliadhuin dég, agus do
chaith a raibh aice le leaghaibh, agus nar béidir le héinneach
a leigheas, **44** Do chúaidh sí táobh shíar dheision, agus do
chumail sí ré himeal a bhruit: agus do sguir a dórtadh fola ar
an mball. **45** Agus a dubhairt Iósa, Cía so do bhean rium?
Agus ar na shéana do chách uile, a dubhairt Peadar agus an
dream do bhí na fharraidh, A Mhaighisdir, atá an slúagh ad
bhrughadh agus ad phluchadh, agus a nabair tú, Cía bhean
rium? **46** Agus a dubhairt Iósa, Do bhean duine éigin riom:
oír do mhothuigh mé subhailce dul asam. **47** Agus an tráth
do chonnairc an bhean gur hairigheadh í, táinic si ar crith,
agus ag sléuchdain dósan, dfoillsigh sí dhó a bhriadhnaisi
an phobuil uíle créd é an tádhbhar far chumail sí ris, agus
cionnus do leigheasadh í ar an mball. **48** Agus a dubhairt
seisean ría, Bíodh mainighin mhaith agad, a inghean: do
shlánuigh do chreideamh thú; imthigh romhad a sióthcháin.
**49** An feadh do bhí seision ag labhairt, táinic neach áirige ó
úachdarán na sinagóige, da rádh ris, Fúair binghean bás; ná
cuir buaidhreadh ar an Mhaghisdir. **50** Agus ar na chluinsin
so Díosa, do fhreagair sé é, ag rádh, Na bíodh eagla ort:
créid amhain, agus sláineóchthar í. **51** Agus ar ndul a sdeach
don tigh dhó, níor fhuiling sé neach ar bith do dhul a sdeach,
achd Peadar, agus Séumus, agus Eóin, agus athair agus
mathair an chailín. **52** Agus do bhádar cách uile a gul, agus
dá cáoineadhsa: achd a dubhairt seision, Ná guilidh; ní
bhfuil sí marbh, achd na codladh. **53** Agus do rinneadarsan
fonomhad faoi, tré go raibh a fhios aca go raibh sí marbh. **54**
Agus ag cur cháich uile amach dhósan, agus ad breith ar a
láimh, do éigh sé, ag rádh, A chalín, éirigh. **55** Agus táinic
a spiorad a rís innte, agus déirigh sí ar an mball: agus do
aithin sé bíadh do thabhairt dí. **56** Agus do ghabh úathbhás
a hathair agus a mathair: gidheadh do áithin seision díobh
gan an ní do rinneadh dinnísin do dhuine ar bith.

**9** Agus ag gairm a dhá dheisciobal deg dhó, tug sé neart
agus cumhachda dhóibh art na huile dheamhnuibh, agus
ar easláintibh do leigheas. **2** Agus do chuir sé iád do
sheanmoír ríoghachda De, agus do leigheas na ndáoine
easlán. **3** Agus a dubhairt sé riú, Ná beiridh ní ur bith libh
chum na sligheadh, bataighe, ná tiach lóin, ná arán, ná
aírgead ná biodh dhá chóta ag cách. **4** Agus gidh bé ar bidh
teach an a rachtáoi a sdeach, gur ab ann sin fhanfáoi, agus
gur ab as rachtái amach. **5** Agus gidh bé nach géubhuidh
chuca sibh, ar bhfagbháil na caithreachasin dáoibh, craithidh
fós an lúathbreachán dá bhur gcosnibh mar fhíadhnuisi
na naghaidh. **6** Agus do imthigheadarsan, trís agus do
ghabhadar na mbailtreach, ag déanamh seanmóra agus ag
leigheas ann gach uile bhall. **7** Agus do chúaluidh Iórnáith
an Tetraren gach uile ní dá ndeamuidh seision: agus do bhí
sé a namharus, do brigh go ndubhradar dáoine áirighe, gur
éirigh Eóin ó mharbhuidh; **8** Agus dáoine eile, Gur fhoillsigh
Elias é féin; agus dáoine eile, Gur eirséirigh faigh éigin do
na seanfháighibh. **9** Agus a dabhairt Iorúaith, Do bhean misi
a cheann Deóin: agus cia hé so, ar a gcluinim a leithéde so?
Agus diarr sé eision dfaicsin. **10** Achd ar bhfilleadh do na
habsdalnibh, dinnseadar dhósan gach ní dhá ndearnadar.
Agus ar na mbreith leis do, do chuáidh sé fá Leith ar fhásach
na ciathreacha dá ngoirthear Betsáida. **11** Agus an tan, do
aithin an pubal sin, do leanadar é: agus ar na ngabháil
chuige dhó, do labhair sé ria a dtimcheall rioghachda Dé,
agus do shlánaigh sé an chuid díobh ar a raibh úireasbhuide
leigbis. **12** Agus do bhí an lá ag dol thárrsa, agus trangadar
an dá fhear dhég chuigesion, agus a dubhradar ris, Léigh uáit
an slúagh, ionnus go numéochaidis fa na bailtibh agus fan
tír do leathnughadh, agus go ccomhnuidhid, agus dfaigháil
bídh: óir a tamáoid ann so a náit fhásamhuil. **13** Achd a
dubhairt seision riú, Tabhruidhsi ní lé na ithe dhóibh. Agus
a dubhradarsan, Ní bhfuil ní is mó aguinn ná cúig aráin
agus dá iásglachsd mona dteímis do cheannach bidh don
phobal so nile. **14** Oír do bhádar a dtimcheall chuig míle
fear. Achd a dubhairt seisión ré na dheisciobluibh, Cuiridh
na suidhe iád na gcaogadaibh. **15** Agus do rinneadarsan
amhlaidh, agus do chuireadar na suidhe iád nile. **16** Agus ar
ngabháil na gcúig narán agus an dá iásgdhósan, agus ar
bhféachain sias ar neamh, do bheannuigh sé iád, agus do
bhris sé, agus tug sé dhá dheisciobluibh iád do chum go
gcuirfidís a bhfiadhnuisi an phubail iád. **17** Agus a dithadar,
agus do sasaigheadh iad uile: agus do tógbhadh dhá chlíabh
dhég do bhíadh bhrisde do bhí dfhuighioll aca. **18** Agus
tárla, an tan do bhí sé na áonar ag déanamh urnuighe, go
rabbadar a dheisciobuil na fhochair: agus gur fhíafruidh sé
dhíobh, ag rádh, Créd a deir an slúagh cía misi? **19** Agus
do fhreagradarsan agus a dubhradar, Eóin Baisde; agus
cuid eile, Elías; agus cuid eile, gur éighe fáigh éigin do na
seanfháighibh a rís. **20** Agus a dubhairt seision riú, Achd
cred a deárthaoisi cía mé? agus ar bhfreagra do Pheadar a

dubharit sé, Criosd Dé. **21** Agus ar ndeanamh bagiar orrtha
dhó, do aithin sé íad gan so dinnisin do dhuine ar bith; **22**
Ag rádh, Gur ab éigin do Mhac an duine mórán dfulang,
agus a dhinltadh ó na sinnsearnibh agus ó úachdaránnibh
na sagart agus ó na sgriobuidgibh, agus bás dfulang, agus
éirghe an tres lá. **23** Agus a dubhairt sé riá uile, Madh áill ré
héinneach misi do leanmhuin, díultadh sé dho féin, agus
toghbadh sé a chros gach láoi agus leamadh sé misi. **24**
Oír gidh bé lér ab aill an anam do shlánaghadh caillfidh
sé é: agus gidh be chaillfeas a anam ar mo shousa, a sé
so shláineochas é. **25** Oír créd a tharbha do dhuine, dá
ngnoghuigheadh sé an domhan uile, agus go gcaillfeadh sé,
nó go léigfeadh sé a mugba é féin? **26** Oír gidh bé le budh
nár misi agus mo bhriathra, budh nár le Mac an duine eision,
an tráth thiocfas sé ann a ghloír fein, agus Athar, agus na
naingeal náomhtha. **27** Agus a déirim ribh go firianeach,
Go bhfuilid cuid don mhuintir ata á láthair ann so, nach
blaisfidh bás, nó go bhfaicfid rioghachd Dé. **28** Agus tárla a
dtimcheall ochd lá tar éis na mbriatharsa, ar mbeith Pheadair
agus Eóin agus Shéamuis leis, go ndeachaidh sé súas ar
shlíabh do dhéanadh urnuighe. **29** Agus tárla ag deanamh
urnuighe dhó, gur hathruigheadh fioghair a aighthe, agus go
ndearnadh a éadach geal dealruigheach. **30** Agus, féuch,
do bhádar días fear ag comhrádh ris, mar atá Máoisi agus
Elías: **31** Noch do chomcas a nglóir, agus dfoillsigh an bás,
do fhuilcongadh sé a Niarusalem. **32** Agus do bhí codladh
trom ar Pheadar agus ar a ndroing do bhí na fharradh, agus
an tan do dhuisgeadar, do channcadar a ghloírsion, agus an
dias fear do bhí na seasamh na fhochair. **33** Agus tárlá, agá
fhagbháil doibh, go ndubhairt Peadar réllíosa, A Mhaighisdir,
is maith sinne do bheith ann so: agus déanam trí botha; both
dhuitsi, agus both do Mháoisi, agus both Dhelías: gan fios
aige créd a dubhairt sé. **34** Agus an tan a dubhairt sé só,
táinic néull, agus do theilg sé agáile orrtha: agus do ghabh
eagla iásdsan an tan do chuádar ann sa néull. **35** Agus
táinic gith as a néull, ag rádh, Ag so mo Mhac gradhachsa:
éisdigh ris. **36** Agus ar teachd don ghuthsin, do fríoth Iósa na
áonar. Agus do bhadarsan na dtochd, agus nior innisiodar
dáonduine ann sna laéthibhsin ní ar bith dhá bhfacadar.
**37** Agus tárla, an lá na dhiáighsin, ar ndul síos don tslíabh
dhóibh, do dtárla slúagh mór airsion. **38** Agus, féuch, do
éigh neach don tslúagh, ag rádh, A Mhaighisdir, iárruim
ort, feuch ar mo mhac: oír a sé méinghein é. **39** Agus,
féuch, beirídh an spiorad air, agus éimhigh sé go hobann;
agus tairrngidh sé as a cheile é ag cur cubhair amach,
agus is ar éigin fhágfas sé é tar éis a chomhmbrúghadh.
**40** Agus diárr mé ar do dheiscioblaibhsi a chur as; achd
níor fhéadadar. **41** Agus ar bhfreaga Díosa a dubhairt sé,
A chineadh míchreidmheach cláon, ga fad fós bhiás mé
eadruibh, agus fhuileongas mé sibh? Tabhair do mhác
leachd an so. **42** Agus ad teachd chuige dhó, do bhúail an
deamhan síos é, agus do tharruing sé as a cheile é. Achd
do imdhearg Iósa an spiorad neamhglan, agus do leighis
sé an leanabh, agus thug sé dhá athair fein é. **43** Achd do
ghabh úathbhás cách uile trí mhórchumhachd Dé. Agus
ar mbeith ag déanamh iongantus doibh uile ann gach uile
ní da ndearnuidh Iósa, a dubhairt sé ré na dheiscioblaibh,
**44** Taisgidh na bríathrasa ann bhur gcluasaibh: óir tiofuidh
chum chríche go dtiobharthar Mac an duine a lámhuibh na
ndaóine. **45** Achd níor thuigeadarsan an comhrádhsa, agus
do bhí sé ar na fholach úatha, ionnas nar airigheadar é: agus
do bhí eagla orrtha ceisd do chur airsion a dtimcheall an
chomhráidh sin. **46** Agus déirigh diospóireachd eatarra, cía
dhíobh féin budh mhó. **47** Agus ar bhfaicsin smuaintighe a
gcroidhe, Díosa, do ghabh se leanabh chuige, agus chuir sé
na aice féin é. **48** Agus a dubhairt sé riú, Gidh bé ghéubhas
chuige an leanabh so a mainmsi is misi ghabhas se chuige:
agus gidh bé ghéubhas misi chuige, gabhuidh sé chuige an
té do chuir uádh mé: óir gidh bé is lugha eadruibhsi uile,
bíaidh se mór. **49** Agus ar bhfreagra Déoin a dubhairt sé, A
Mhaighisdir, do chunncamairne duine áirighe ag teilgean
deamhan a mach ad ainuisi; agus do thoirmeasgamar é,
ar son nach leananu sé dhínne. **50** Agus a dubhairt Iósa
ríu, Ná toirmeasuidh é: oir gidh bé nach bhfuil ar naghuidh
atá sé linn. **51** Agus tárla, an tan do coímhliónadh laéthe
a nglacfaidh súas é, gur chuir sé roimhe go daingion dul
go Hiárusaléim. **52** Agus do chuir sé teachdairighe róimhe:
agus ar nimtheachd dóibh, do chúadara sdeach a mbaile
na Samáritánach, do chum go ndéanaidís ullmhaghadh
roimhesion. **53** Achd niór ghabhadársan chuca é, ar son
go raibh a agháidh mar bhiagh sé dul go Hiarusalém. **54**
Agus an tráth do chuncadar a dheisciobuilsion Séumas
agus Eóin so, a dubhradar, A Thighearna, a naill leachd go
nabramáois teine do theachd a núas ó neamh, dá losadh
síad, mar do rinne Elías leis? **55** Agus ar gcasadh dhó, do
imdhearg sé iad, agus a duibhairt sé, Ní bhfuíl a fhios aguibh
créd é an spiorad dár dhe sibh. **56** Oír ní thaínic Mac an
duine do sgríos anmann na ndáoine, achd dá slánughadh.
Agus do chúadar as sin go bhaile eile. **57** Agus tárla, ar
nimtheachd dóibh san tslíghe, go ndúbhairt neach áirighe
risíon, Leanfuidh misi thú gidh bé háit ann a racha tú, a
Thighearna. **58** Agus a dubhairt Iósa ris, Ataíd fúachaisighe
ag na sionnchaibh, agus neíd ag éanlaith a naiéir; achd ní
bhfuil áit ag Mac an duine ann a gcurfeadh sé a cheann.

**59** Agus a dubhairt sé ré neach eile, Leansa misi, Achd
a dubhairt seision, A Thighearna, leigh dhamh imtheachd
ar túís agus mathair daghlacadh. **60** Achd a dubhairt Iósa
ris, Leíg do na marbhuibh a mairbh féin daghlacadh: achd
imthighsi, agus déana rioghachd Dé do sheanmóir. **61** Agus
mar an gcéadna a dubhairt neach eile, Leanfuidh misi thú, a
Thighearna; Achd leigh dhamh ar tús mo chead do ghabháil,
ag am mhuinntir. **62** Achd a dubhairt Iósa ris, Gidh bé neach
chureas a lámh ar an gcéuchd, agus fhéachas na dhíaigh, ní
bhfuil se iomchubhaidh do ríoghachd Dé.

**10** Agus na dhiaigh so dórduigh an Tighearna mar an
gcéadna deithneabhar agus trí fichid eile, agus do
chuir sé na ndís agus na ndís roimhe féin iád dá gach uile
chathruigh agus ionnad, ann a raíbh a theachd féin. **2** Ar a
nadhbharsin a dabhairt sé ríu, Is mór an foghmhar, achd
is beag an luchd oibre: uime sin guidhidh Tighearna an
fhoghmhuir, luchd oibre do chur amach chum a fhóghmhair.
**3** Imthighidh: féuch, ataimse dá bhur gcur úaim mar úana
a measg mhadradh allta. **4** Ná hiomchruidh sbarán, na
tiach loín ná bróga: agus ná beannaighidh do neach ar bith
sa tslighe. **5** Agus gidh bé tigh iona rachtáoi a sdeach,
abruidh ar tús, Go raibh sióthcháin don tighse. **6** Agus
má bhionn Mac na sióthchána annsin, do dhéannidh bhur
sióthcháinsi comhnnighe air: achd muna raibh, fillfidh sí
chugaibh féin a rís. **7** Agus fanaidh an sa tighsin, ag ithe
agus ag ól na neitheann atá aca: óir is fiú an toibrigh a
thuárasdal. Ná himighidh ó thigh go tigh. **8** Agus gidh bé
cathair ann a rachtáoi a sdeach, agus go ngéubhaid siád
sibh, ithidh na neithe chuirid siád ann bhur bhfiadhuisi: **9**
Agus slánaghaidh na heaslaín bhias innte, agus abruidh
riú, Do dhruid rioghachd Dé ribh. **10** Agus gibh bé cathair
ann a rachtáoi a sdeach, agus nach génbhuid siád sibh,
ar nimtheachd dáoibh amach ar na sraídibh, abruidh, **11**
Craithmíd dhínn bhur naghaidh, go fiú an luaithridh do lean
dínn, as bhur gcathruigh: achd cheana bíodh a fhios so
aguibh, gur dhruid rioghachd Dé ribh. **12** Agus a deirím bhur
ribh, Go madh socamhluighe do na Sodomachaibh an lá úd,
ná don chathraighsin. **13** Is anáoibhinn duit, a Chorásin! as
anáoibhinn duit, a Bhetsáida! oir dá madh a Dtírus agus a
Sídon, do dhéantáoi na miorbhuile do rinneadh ionnaibhsi, is
fada ó da dhéanaidís aithrighe, na suidhe a néadach roín
agus a luaithreagh. **14** Ar a nadhbharsin budh socamhluighe
do Thírus agus do Shídon ann sa bhreitheamhnus, na
dháoibhsi. **15** Agus tusa, a Chapernáum, atá ar do thógbháil
súas go neamh, teilgfidhthear siós go hifearnn thú. **(Hadēs g86)**
**16** Gibh bé éisdeas ribhsi is riomso éisdeas sé; agus gibh bé
bheir neimhchion oruibhsi, is oramsa do bheir sé neimhchion;
agus gibh bé bheir neimhchion oramsa is ar an té do chuir
úadh mé do bheir sé neimhchion. **17** Agus do fhilleadar an
deithneabhar agus trí fichid maille lé gáirdeachas, ag rádh,
A Thighearna, ataíd na deamhuin féin fá smachd aguinne
tréd ainmsi. **18** Agus a dubhairt sesion riu, Do chonnairc
mé Sátan marr theinnteach ag tuitim ó neamh. **19** Fénch
do bheirim dhíbh cumhachda saltairt air na haithreachaibh
nimhe agus ar na scorpiónuibh, agus ar uile neart namhad:
agus ní ghoirteochaid éin ní sibh. **20** Achd cheana na bíodh
gáirdeachas oraibh, ar son go bhfuilid na spioraididhe fá
bhur smachd; achd go madh mó bhiás gairdeachas oruibh
fá go bhfuilid bhur nanmanna sgríobhtha ar neamh. **21**
Ar a núairsion do ghabh gáirdeachas iona spioraid Iósa,
agus a dubhairt sé, Do bheirim buidheachas duit a Athair,
a Thighearna neimhe agus talmhan, trí gur fholuigh tú na
neithesi ó dháonibh eagnuidhe agus glioca, agus gur nochd
tú iad do naoidheanánuibh: a seadh, a Athair; tré gur ab mar
sin do budh toil leachd féin é. **22** Atáid na huile neithe ar
na dtabhairt dhanhsa óm Athair: agus ní bhfuil a fhios ag
éinneach ciá hé an Mac, achd ag a Nathair; agus ciá hé an
Tathair, achd ag an Mac, agus an té dá dtiúbhradh an Mac a
nochdughadh. **23** Agus ar bhfilleadh chum a dheiscíobal, a
dubhairt sé fá leith riú, is beannaighthe na súile do chí na
neithe do chithísi: **24** Oír a deirim ribh, Gur ab iomdha fáighe
agus righthe lér mhián na neithe do chithisi dfaicsin, agus
ní fhacadar: agus na neithe do chluintí do chluinsin, agus
ní chúaladar. **25** Agus féuch, déirigh fear dlighe áirighe na
sheasamh, ag cur chathaighthe airsion, agus ag rádh, A
Mhaighhisdir, créd do dhéana mé ionnus go bhfuighinn an
bheatha mharthannach doighreachd? **(aiōnios g166)** **26** Achd a
dubhairt seision ris, Créd a tá sgríobhtha ann sa dligheadh?
Cionnas léaghas tú? **27** Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt
sé, Gráidheochuidh tú do Thighearna Dia as do chroidhe
uile, agus as tanam uile, agus as do bhríoghuibh uile, agus
as da smúaintighthibh uile; agus do comharsa mar thu féin.
**28** Agus a dubhairt seision ris, As díreach do fhreagair tú:
déanasa so, agus mairfidh tú. **29** Achd ar mbeith dhósan,
funnmhar ó a fhiréantachd féin da thaisbéanadh, a dubhairt
sé re Híosa, Maseadh ciá hé mo chomharsa? **30** Agus ar
bhfreagra Díosa a dubhairt sé, Do chúaidh duine áirighe siós
ó Iérusalem go Iérico, agus tárla a measg bhiothamhnach
é, do shlad e, agus do loit é, agus do imthigh rompa, ar
na fhagbháil leathmharbh. **31** Agus tárla tré chinneamhain
gur ghabh sagart áirighe síos sa tslighe sin: agus ar na
fhaicsinsion dó, do ghabh sé thairis don táobh eile don
tslighe. **32** Agus mar an gcéadna Lebhita, a teachd chum

a nionaid sin, ar na fhaicsin dó, do ghábh sé tháiris don
táobh eile. 33 Agus ar mbeith ag gabháil na sligheadh, do
Shamaritánach áirighe, tháinic sé mar a raibh seision: agus
ar na fhaicsin, do ghabh truáighe ghér dhó é 34 Agus ar
ndrud ris, do cheangail sé a chneadha, ag dortadh ola agus
fióna ionnta, agus ar na chuir air a ainmhidhe féin dó, rug sé
leis go tigh ósda é, agus do ghabh sé cúram na thimcheall.
35 Agus ag imtheachd dó lá ar na mhárach, do bhean sé
dhá phighinn amach agus tug sé don ósdóir iád, agus a
dubhairt sé ris, Bíodh cúram agad fan fhearso; agus gibh bé
chaithfeas tú as a chionn so, an tráth fhillfeadsa, do bhéara
me dhuit é. 36 A nois cía don triúrsa, bhreathnaigheas
tusa, do bheith na chomharsain ag an tí úd thárla a measg
na mbiothamhnach? 37 Agus a dubhairt seísion, An tí ud
do rinne trocaire air, Ar a nadhbhasin a dubhairt Iósa ris,
Imthighsi agus déana mar an gcéadna. 38 Agus tárla, ag
imtheachd dóibh, go ndeachaidh seision go baile áirighe:
agus go rug bean áirighe dar bhaimn Martá dá tigh fein é. 39
Agus do bhí deirbhshiúr aicesi dá ngoirthí Muire, agus ar
suidhe dhi ag cosaibh Iosa, do bhí si ag éisdeachd lé na
bhríathraibh. 40 Agus do bhí Martá lán do chúram lé hiomad
friotholuimh, agus a dubhairt sí, A Thighearna, an é nach
meisde leachd mar dfág mo dheirbhshiúr misi am áonar
ag friotholamb ar a nadhbharsin abair riá cungnamh riom.
41 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ría, A Mhartá, a
Mhartá, atá tú ro chúramach agus buaidhridh tú thú féin fá
mhóran do neithibh: 42 Achd cheana ein ní a mhaín atá
riachdanach: rug Muire an chuid mhaith do roghain, nach
béarthar uáithe.

**11** Agus tárla, an tan do bhí sé ag déanamh urnuighe
a náit áirighe, mar do sguir sé, go ndubhairt fear
áirighe dá dheisciobluibh ris, A Thighearna múin dúinne
urnuighe do dhéanamh, amhail agus mar do mhúin Eóin dá
dheisciobluibh féin. 2 Agus a dubhairt seision ríu, A núair
do dhéantáoi urnuighe, abraidh, Ar nathair atá ar neamh,
naomhthar hainin. Tigeadh do rioghachd. Déantar do thoil,
ar an talamh, mar atá ar neamh. 3 Ar narán laétheamhuil
tabhair dhúinn gach láoi. 4 Agus maith dhuinn ar bpeacaigh;
óir maithmídne da gach áon air a bhfuil fiacha aguinn. Agus
na leíg sinn a ccathughadh; achd soar inn ó olc. 5 Agus
a dubhairt sé ríu cía agaibhsi agá mbíadh cara, agus go
rachadh sé chuige a meadhon oidhche, agus go naibeóradh
sé ris, A chara, tabhair trí haráin dhamh air iásachd; 6 Oír
tháinic cara dhamh as a tslighe am ionnsuighe, agus ní
bhfuil éinni again do chuirfinn na fhiadhnuisi? 7 Agus go
bhfreigeóradh seision a sdigh, agus go naibeóradh sé, Na
cuir búaidhreadh oram: atá an doras dúntí a nois, agus
ataíd mo chlann am fhochair sa tseómra; ní fhéaduim éirghe
agus a dtabhairt dhuit. 8 A deirim ribh, ar néirghe dhó, dá
mbeith nach dtiobhradh sé sin úadh, ar son gur chara dhó é,
gidheadh go fírinneach ar son a liosdachda do éiréochadh
sé, agus do bhéaradh sé dhó an mhéid do bhiadh do
riachdanus air. 9 Agus a deirimsi ribh, Iarraidh, agus do
bhéarthar dháoibh; lorgairigh, agus do gheabhtháoi; buailidh
an doras, agus oisgéoltar dháoibh. 10 Oír gidh bé iárras
glacaidh sé; agus gidh bé do ní lorgaireachd do gheibh sé;
agus oísgéoltar don té bhúaileas an doras. 11 Agus cía
againbhsi athair ar a níarrfadh a mhac arán, do bhéaradh
cloch dhó? Nó dhá niárradh sé iásg, do bhéaradh nathair
nimhe a nionad éisg dhó? 12 Nó dá niárradh sé úgh, an
dtiobhradh se scorpion do? 13 Ar a nadhbharsin, más eól
dáoibhsi air mbeith go holc, tiodhluice maithe do thbhairt da
bhur gcloinn, an é nach mó ná sin bhéaras bhur nathairse ó
neamh an Spiorad Náomh don during íarrfas air é? 14 Agus
do bhí sé ag teilgean deamhain amach, do bhí balbh. Agus
tárla, ar ndul don deamhan amach, gur labhair an balbhán;
agus do ghabh iongnadh an slúagh. 15 Agus a dubhairt
dream acasan, Is trí Bheelsébub prionnsa na ndeamhan
theilgeas sé amach na deamhuin. 16 Agus dream eile, ag cur
chathaighthe air, do iárradar comhartha ó neamh air. 17 Agus
ar bhfaicsin a smúaintighthe, dhósan, a dubhairt sé riú, Gach
rioghachd bhios roinnte na haghaidh féin do nithear fasach
dhi; agus an tigh bhíos roinnte naghaidh tíghe, tuitidh sé. 18
Agus mar an gcéada dá raibh Sátan roinnte na aghaidh féin,
cionnas fhanfas a rioghachd na seasamh? oír a deirthísi
gur ab trí Bheelsébúb theilgimsi amach na deamhain. 19
Agus más trí Bheelsebuh sgriosaimsi na deamhuin, cía tré
sgriosaid bhur gelannsa iád? Ar a nadbhharsin héid siádsan
na mbhreitheamhnaibh oraibhsi. 20 Ach cheanna más le
méur Dé theilgimsi amach na deamhain, gan chunntabhairt
tháinic ríoghachd De chuguibhsi. 21 An tan choimhéadas
duine láidir armálta a chúirt féin, atá a bhfuil aige a siothchaín:
22 Achd an tráth thig duine is neartmhaire ná é, beiridh
sé búaidh air, agus tóguidh sé leis a uile armaíl ann ar
chuir sé a mhuinighinn, agus roinnidh sé a eadáil. 23 An
té nach bhfuil leamsa atá sé am aghaidh: agus gidh bé
nach ccruinnigheann leamsa scabuighidh sé. 24 An tráth
imthigheas an spiorad neamhglann as duine ar bith, imthigh
sé trí íonaduibh tiorma, ag iárruidh suáimhnis; agus an tráth
nach bhfaghann sé sin, a deir sé, Fillfidh mé doin thigh féin
ó dtáinic mé. 25 Agus ar dtachd dó, do gheibh sé ar na
sgúabadh agus ar na dheaghmhaisioghadh é. 26 Imthighidh
sé an sin, agus beiridh sé leis seachd spioraide eile is measa

ná é fein; agus ar ndol a sdeach dhóibh, do níd comhnaidhe
ann sin: agus is measa deireadh an duine sin ná a thosach.
27 Agus tárla, agá rádh so dhó, gur árduigh bean áirighe don
tsluágh a gúth, agus go nduibhairt sí, As beannaighe an
bhrionn do iomchuir thú, agus na cíocha do dhiughail tú.
28 Agus a dubhairt seision, Achd as beannaighe an dream
eisdeas briáthar Dé, agus choimhéudus é. 29 Agus an tan
do chruinnidh an sluágh go tiúgh chuige, do thionsgain sé a
tádh. As olc an cineadh so: iárraidh sé comhartha; agus ní
tiubharthar comhartha dhó, achd comhartha Iónas fáidh.
30 Oir ambail dó bhí Iónas na chomhartha do mhuinntir
Ninive, as mar sin bhiás Mac an duine mar an gcéudna
don chineadhso. 31 Eiréochuidh bainrióghan an aoibhe ó
dheas a mbreitheamhnus maille ré dáoinibh an chinidhsí,
agus daimneóchaidh si iád: oír tháinic sisí ó leithimlibh
na talmhan déisdeachd ré heagna Sholaimh: agus, féuch,
atá duine as mó ná Solamh ann so. 32 Eireóchaid luchd
Ninive a mbreitheamhnus maille ris an gcineadhso, agus
dainmeóchaid é: oír do rinneadarsan aithrighe ag seanmóir
Iónas; agus, féuch, atá duine as mó ná Iónas ann so. 33
Ní lasann duine ar bith coinneall, chum a cur a bhfolach,
nó faoi bhaiseúl, achd a gcoinnleóir, ionnus go bhfaichfidis
an dream thig a sdeach an solus. 34 A sí an tsúil solus
an chuirp: ar a nadhbharsin a núair bhias do shúil glan,
biáidh do chorp uile soillseach; achd dá raibh do shúil go
holc, biáidh do chorp mar an gcéadna dorcha. 35 Dá brígh
sin tabhair haire riot nach biáidh an solus atá ionnad na
dhorchadus. 36 Ar a nadhbharsin dá raibh, do chorp uile
soillseach, gan éanchuid dhe dorcha, biáidh an tiomlán
soillseach, amhail mar dheallruigheas coinneal thú ré na
soillse. 37 Agus ar labhairt do, do chuir Phairisíneach airighe
impédhe air a dhínnér do chaitheamh na fhochair: agus ár
ndul a sdeach dhósan, do shuigh sé chum bídh. 38 Agus an
tan do chonnairc an Phairísineach sin, dob iongnadh leis
nár ionnail sé ar tús roimh dhínnér. 39 Agus a dubhairt an
Tighearna rís, Go deimhin do ní sibhse a phairisineacha an
táobh amuigh don chupan agus don mhéis glan; achd atá an
táobh a sdigh dhíbh lán do shracaireachd agus dolc. 40 A
dháoine gan chéill, a né nach é an tí do rinne an táobh a
muigh do rinne an táobh a sdigh mar an gcéadna? 41 Ar
a nadhbharsin tábhruidh deíre uáibh do na neithibh atá a
láthair aguibh; agus, féuch, bíaidh na huile neitheghan díbh.
42 Achd is anáoibhinn dáoibh, a phairisíneach! do brígh go
ngabhtháoi deachmhaidh an mhiontius agus na ruibhe agus
na uile luibheann, achd gabhtháoithar bhreitheamhnus agus
ghrádh Dé: do búdh cúir iád so do dhéamnamh, agus gan
iád súd do leígeann gan déanamh. 43 As anáoibhinn dáoibh,
a phoirisneacha! Oír as ionmhuin libh an céud ionad suidhe
ann sna sionagogaibh, agus fáilteadha ar na máruidhibh. 44
As anáoibhinn dáoibh, a sgriobuidhe agus a phairisíneacha,
a lachd a nfúarchrábhaidh! oír atátháoi marthuámuidhibh
nách bhfaicthear, agus nách aithne do na dáoimbh shiubhlus
orrtha. 45 Agus ar bhfreagra do dhuine áirighe don luched
dlighe, a deir sé rís, A Mhaighisdir, agá rádh so dhuit do
bhéir tú masa dhuinne fós. 46 Achd a dubhairt seision, As
anáoibhinn dáoibhsi leis, a luchd dlighe! oír curtháoi úaluidhe
dóiomchur ar na dáoinibh, agus ní bheantháoi féin ris na
húaladhaibh lé háon da bhur méuraibh. 47 As anáoibhinn
daiobh! oír tógtháoi túamuidhe na bhfáidheadh, agus a siád
bhur naithreacha do mharbh iád. 48 Go deimhin do níthi
fiádhnuisi go moltáoi gniómhartha bhur naithreach: oír do
mharbhadarsan iád, agus do níthíse tuamuidhe dhóibh. 49
Ar a nadhbharso a dubhairt eagna Dé, Cuirfe mé fáidhe
agus absdail chuca, agus muirfid siád agus géarleanfuid cuid
diobh: 50 Do chum go leanfuidhe ar an gcinneadhsa, fuil na
bhfáidheadh uile, do dóirteadh ó thús an domhain; 51 O fhuil
Abéil go fuil Shacharías, do marbhadh éidir a naltóir agus an
teampoll: go firinneach a deirim ribh, go leanfuighear é ar
an gcineadhso. 52 As anáoibhinn dáoibh, a luchd dlighe!
oír rugabhair libh eochair a néolais, ní dheachabhair féin
a sdeach, agus do thoirmisgeabhair an dream do bhí ag
dul a sdeach. 53 Agus a nnáir dubhairt sé na neithese
riú, do thionnsgnadar na sgriobuidhe agus na Phairisínigh
consbóid ghéar do dhéanamh ris, agus a thabhairt air
labhairt ar mhórán do neithibih: 54 Ag luigheachan air, agus
ag iárraidh neither éigin do ghreamughadh as a bhéul, ann a
naigeóraidis é.

12 Fa a námsin, ar mbeith do phubal gan airmheadh ar na
ccomhchruinniufgadh, ionnus go rabhadar ag saltairt ar
a chéile, do thionnsgain sé a radh re na dheisciobluibh ar tús,
Comhéaduigh sibh féin ar laibhin na Bhphairsineach, eadhon
an fuarchrabhadh. 2 Oír ní bhfuil einní foluightheach, nach
dtiocfuidh chum sóillsi; ná seicreideach, nach bhfuighthear
a fhios. 3 Ar a nadhbharsin gidh bé neithe do labhrabhair
an dorchadas cluinfidhthear iád satsolus; agus gidh bé ní
do labhrabhair a gcluáis a seómruidhibh u aígneacha do
dhéantar a ghairm ós na tighthibh. 4 Agus a deirim ribhse
a chairde, Ná biodh eagla muinntire oraibh mhárbhus an
corp, agus na dhiáigh sin leis nach éidir ní sa mhó do
dhéanamh. 5 Achd foillséochaidh mé dháoibh cía ré a
mbia bhur neagla: Bíodh eagla an ti úd oraibh, agá bhfuil
cumhachda tair éis duine a mharbhadh a theilgean go
hifrionn; a seadh, a deirim ribh, Biodh eagla so oraibh.

(Geenna g1067) 6 A né nach cceannaghthear cúig gnealbhain
ar dhá fheórling, agus ni bhfuil áon aca ar dearmad a
bhfiádhnuise Dé? 7 Achd fós atá gruág bhar gcinnse uile ar
na comhaíreamh. Ar a nadhbharsin na bíodh eagla oráibh:
as fearr sibhse ná morán gealbhan. 8 Agus fós a deirim
ribh, Gidh bé ar bith aidmheóchus misi a bhfiádhnuise na
ndáoine, aidmheóchaidh Mac an duine mar an gcéadna
eisean a bhfiadhnari aingeal Dé: 9 Achd gidh bé shéanfus
mise a bhfiadhnuise aingeal De. 10 Agus gidh bé laibheóras
focal a naghaidh Mhic an duine, maithfighthear dhó é: achd
ní maithfighear don tí laibheóras blaisphéime a naghaidh
an Spiorad Náoimh. 11 Agus an tan do bhéaruíd said sibh
chum na sinagóig, agus na núachdarán, agus na ndáoine
gcumhachdach, na bíodh ná ro chúram oraibh cionnas no
créd fhreagórtháoi, nó créd a déartháoi: 12 Oír múinfidh
an Spiorad Náomh dháoibh ar a nuársin féin, na neithe is
coir dháoibh do rádh. 13 Agus a dubhairt óglach áirighe
don tslúagh ris, A Mhaighisdír, abair rem dhearbhrathair,
a noighreachd do rionn rium. 14 Agus a dubhairt séision
ris, A dhuine, cia chur misi ós bhur gcionn am bhreitheamh
nó am rannadóir? 15 Agus a dubhairt sé riú, Feachaidh,
agus seachnuidh sibh ar a tsaint: oír ní a níomarcuigh an
tsaídhbhris atá ag duine air bith atá a bheatha. 16 Agus a
dubhairt sé cosamblachd riú, ag rádh, Tug fearann dhuine
sháidhbhir áirighe toradh mór: 17 Agus do smuáin sé ann
féin, ag radh, Créd do dhéana mé, oir ní bhfuil áit agam ann a
gcruinneocha me mo thórthuighe? 18 Agus a dubhairt sé, Do
dhéana mé so: leaghfaidh mé mo sgiobóil, agus toigeabhuidh
mé sgionóil bhus mó ná íad; agus cruimnéochaidh mé
mo thórtha nile agus mo mháoin ionnta. 19 Agus a deara
mé réim anam fein, A anaim, ata mórán máoine agad ar
na gcur a dtaisge fa chomchair mhórán bliadhan; fan ad
chomhnuidhe, ith, ibh, bí go súgach. 20 Agus a dubhairt
Diá ris, A amadáin, a nochd féin iárfaid said hanam ort:
agus cia bhus leis na neithe so, do sholáthair tú? 21 Is
mar sin atá an té chrunnigheas ionnmhas dó féin, agus
nach bhfuil sáidhbhir a Niliá. 22 Agus a dubhairt sé ré na
dheisciobhluibh, Uime so a deirim ribhsi, Ná bidhidh, ro
chúramach tá bhur gcorp, créd é an ní íosdáoi umuibh. 23
As mó an tanam ná an biádh, agus an corp ná an téadach.
24 Tabhraidh dá bhur naire ná preachaín: oír ní chuirid siás
siól, agus ní bhéanuid said; agus ní bhfuili tigh sdórúis na
sgioból aca; agus beathaigh Diá iád: agus a né nach fearr
sibhsi go mór ná na héanlaith? 25 Achd ciá agaibhsi lé na
iomad curium fhéadas áon bhannlamh a mháin do chur
air airde féin. 26 Ar a nadhbharsin muna bhfuil ar bhur
gcumas an ní as lugha, créd fa bhfuil cúram na neitheann
eíle oraibh? 27 Tabhraidh dá bhur naire na lilidhe ciondus
fhásaid said: ní dhéanuid said sáothar, agus ní shníomhuid
said; achd a deirim ribh, nach raibh Solamh féin ann a
ghlóir uile ar na éadughadh mar áon díobh so. 28 Agus má
éaduigheann Diá már sin an fér, atá a niu ar an machaire,
agus chuithear a márach ann sa núamhaifh; a né nach
mó ná sin do dhéana sé dhibhse, a luchd an chreidimh
bhig? 29 Ar a nadhbharsin, na fiáfruidhidhsi créd iosdáoi, nó
créd iobhtháoi, agus na bíthi amharusach. 30 Oír a said na
neithesi uile iárraid cinidheacha an domhain: achd atá a fhios
ag bhur Nathairse go bhfuil a ríachdanas so oraibh. 31 Achd
cheanna Iárruidhsi rioghachd Dé; agus teilgfidhthear na
neithesi uile chuguibh. 32 Ná bíodh eagla ort, a thréd bheag;
oir a si toil bhur Nathar an rioghachd do thabhairt dáoibh.
33 Réacaidh a bhfuil aguibh, agus tabhruidh déire úaibh;
déannidh sparáin dhibh féin nach rachta a narsaidheachd,
cisde ar nach racha caitheamh ar neamh, a náith nach
dtig gaduidhe a ngar dhó, agus nach dtruáilligheann an
míol críon. 34 Oír gidh bé aít iona bhfuil bhur ceisde, is am
sin fós bhías bhur bhurgcroidhe. 35 Bíodh bhur leasrach
ceangailte timchioll, agus bhur lóchráinn ar lasadh; 36 Agus
sibh féin comhchosmhud ré dáoinibh ag fuireach ré na
dthighearna, gá húair do fhillfeadh sé ón phósadh; ionnas ar
dteachd agus ar mbuáladh an doruis dó, go noisgeolaidis
gan fhuireach. 37 Is beannaighe na searbhfhoghantaidhe
úd, do gheibh an tighearna ag déanamh faire an tan do thig
sé: a deirim ribh go fírinneach, go gccangalfuigh sé é féin
timchioll, agus go gcuirfidh sé iádsan na suidhe chum bidh,
agus ar dteachd amach dhó go ndéanuidh sé fríothólamh
dhóibh. 38 Agus má thig sé sa dara faire, agus má thig sé sa
treas faire, agus go bhfuighe só mar sin iád, is beannaighe
na scarbhfhoghantuighe sin. 39 Achd biodh a dheimhin só
aguibh, dá mbeith a fhios ag fear an tighe cía a núair a
dtiocfadh an gaduighe, go ndéanadh sé faire, agus nach
bhfuilcóngadh sé a thigh féin do thollodh thríd. 40 Agus
ar a nadhbharsin fós bithisi ullamh: oír is a núair nach
saoiltí thiocfus Mac an duine. 41 Agus a dubhairt Peadar
ris, A Thighearna, an linne a deir tú an chosamhlachd so,
nó fós ré cach uíle? 42 Agus a dubhairt an Tighearna,
Cía atá na fheadhmannach fhírinneach ghlic, chuirfeas a
thighearna ós cionn a mhuinntie féin, ionnus go dtiobhradh
sé a miosúr bidh dhóibh na am fein? 43 Is beannaighe an
searbhfhoghantuidhe úd, agá bhfuighe a thighearna an tan
thiocfus sé dhá dhéanamh mar sin. 44 Go fírinneach a deirim
ribh, Go gcuirfe sé ós cionn a bhfuill aige é. 45 Achd má deir
an seanbhfhoghantuighe úd ann a chroidhe féin, Cuirfidh mo
thighearna a theachd a ríghneas; agus go dtionnsgónuidh

sé gabháil ar na buáchailidh agus ná cailinidh, agus bheith
ag ithe agus ag ól, agus ar meisge; 46 Tiocfa tighearna an
tsearbhfhoghantuighe úd sa lá nach saoileann sé é, agus
ann sa núair nach bhfuil a fhios aige, agus dealóchaidh sé
úaidh é, agus do bhéara sé a chuid dhó a bhfochair na
ndaoine gan chreideamh. 47 Achd an searbhfhoghantnidhe
úd, agá raibh fios tola a thighearna féin, agus nar ullmhuidh
é féin, agus nach dearna do réir a thola, géubhthar mórán
air. 48 Achd an tí úd ag nach raibh a fhios, agus fós do rinne
na neithe do thuill buillidhe, buáilfabhear beagán air. Oír
gidh bé dár tugadh morán, iárrfuidhthear morán a dtaisge,
iarrfuidhthear ni sa mhó air. 49 Taínic misi do chur teineadh
air an talamh; agus créd eile diárrfuinn, ma atá sí ar na
lasadh cheana? 50 Achd is éigin damhsa mo bhaisdeadh lé
baisdeagh; agus créd a mhéd chuibhrighthear mé no go
gcríochnuighthear é! 51 An sáoilti gur ab chum sióthchána
do thabhairt ar an dtalamh tháinic misi? a deirim ribh, Nach
eadh; achd ceannairce: 52 Oír ó so amach, béid cúigear
a néintigh ar na roinn, triúr a naghuidh deisi, agus diás a
naghuidh trír. 53 Biáidh an tathair a naghuidh an mhic, agus
an mac a naghuidh a nathair; an mhathair a naghuidh na
hiughine, agus a ninghean a naghuidh na mathara; agus
mathair an fhir phósada a naghuidh a mhná, agus an bhean
phósda a naghuidh mathar a fir. 54 Agus a dubhairt sé mar
an gcéadna ris an bpobal, An tan do chithi néull ag éighe ón
táoibh a nsiár a deirthí ar ball, Atá cioth ag teachd; agus
is amhluidh bhíos. 55 Agus an tráth do chithí an gháoth
ó dheas ag séideadh, a deirthí, Bíaidh teasmhach ann;
agus bí sé mar sin. 56 A luchd an fhuárchrabhuigh, as éol
dáoibh aghaidh neimhe agus talmhan do bhreathnughthí na
naimsirse? 57 Agus, créd fá nach breathnuighthí úaibh féin
créd is cóir ann? 58 Agus fós an tan théid tá réd easgcaruid
chum a núachdaráin, déana do dhícheall ar slighe, air thú
féin do reíteach úadh; deagla go dtairrngeadh sé chum an
bhreithimh thú, agus go dtiobhradh an bhreitheamh don
tsirríam thú, agus go dteilgfeadh an sirriam thú a bpriosím.
59 A deirim riot, nách dtiocfa tú a mach as sín, no go nióca tú
an fheóirlinn deigheanach.

**13** Agus fá namsin féin tangadar dáoine áirighe chuige
ag innisin sgéal do tháobh mhuinntir na Galilé, ag ar
mheasg Pioláit a bhfuil thríd a niodhbarthuibh. 2 Agus ar
bhfreagra Díosa a dubhairt sé riu, An soiltisí gur ab mó
na peacthaigh na Galiléeanuighsi ná an chuid eile do na
Galiléeanachuibh, ar son gur fhuilngeadar a leithéide só? 3 A
deirimsi ribh, Nach mó: achd, muna ndéantáoisi aithrighe, go
sgríosfuidhthear sibh euile mar an gcéadna. 4 Nó an sáoiltí
na hochd bhfir deag úd, air ar thúit an tor a Síloam, agus do
mharbh iád, gur mhó na peacthaigh iád ná gach áoin nduine
eile dá raibh na gcomhnuidhe a Niárúsalém? 5 A deirim
ribh, Nach ar mhó; achd mona ndéarntáoisi aithrighe, go
sgriosfuidhthear sibh uile mar an gcéadna. 6 Agus mar an
gcendna a dubhairt sé an chosamhlachdsa; Do bhí crann
fige ag duine áirige curtha ann a fhíneamhain; agus táinic sé
diárruidh toraidh air, agus ní fhuáir. 7 Agus a dubhairt sé
ris an ngárradóir, Féuch, atáim ré trí bliádhuibh ag teachd
diárruidh toruidh ar an gcrann fígsi, agus ní faghaim: gear é;
cred fá gcungmhann sé an fearann go neamhtharbhach? 8
Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris, A thighearna,
leíg dhó ar an mbliadhainsi mar an gcéadna, nó go romhradh
mé na thimcheall, agus go gcnire mé áoileach fáoi: 9 Agus
má bheir sé toradh, léigfidh tú dhó: achd muna dtuga,
géarrfuidh tú tar éisi sin é. 10 Agus do bhí sé ag teagasg a
sínagóig áirighe lá na sábbóide. 11 Agus, féuch, do bhí bean
a lathair agá raibh spioraid éagcrúais lé hocd mblíadhna
déig: agus do bhí sí crotach, agus niór bhéidir lé í féin do
dhíoriughadh air éanchor. 12 Agus an tráth do chunnair
Iósa í, do goir sé chuige í, agus a dúbhairt sé ría, A bhean,
atá tú sgáoilti ód éagcrúas. 13 Agus do chuir se a lámha
uirre: agus do rinneadh díreach ar ball í, agus tug sí glóir
do Dhía. 14 Agus ar bhfreagra dúachdarán na sinagóge ar
mbeith diomghach dhó, fá Iósa do dhéanamh leighis ann sa
tsabboid, a dubhairt sé ris on bpubal, Atáid sé laéthe ann ar
coir obair do dhéanamh; ar a nadhbharsin gur ab ionnta sin
thiocfas sibh dá bhur leigheas, agus nar ab a lá na sabboide.
15 Uime sin do fhreagair an Tighearna dhó, agus a dubhairt
sé, A fhir an fhúarchrábhuidh, a né nach sgáoileann gach
áon nduine agaibh féin a dhamh nó a asal ón mhainnsér lá
na sabhóide, agus nach beireann sé chum uisge é? 16 Agus
an bheansa, atá na hinghin ag Abraham, noch do chuibhrigh
Sátan, a nois le hóchd mbliadhna dég, a né nar choír a
sgáoileadh ón chuibhreachsa a lá na sábbóide? 17 Agus
an tan a dubhairt sé na neithesi, do ghabh náire gach áon
nduine dá raibh a cur na aghaidh: achd do bhígáirdeachas
ar a tslúagh uile tré gach uile ní glórmhar dá ndéarmidh
seision. 18 Agus a dubhairt sé, Cía lér cosmhuil rioghachd
Dé? agus cia ré samhleóchaidh mé í? 19 Is cosmhuil ré
gráinne musdaird í, do ghabh duine chuige, agus do chuir
sé ann a ghárrdha; agus dfás sé, agus dó rinneadh crann
mór dhe, agus do rinneadar éanlaith a naiéir néid ann a
ghéaguibh.

**14** Agus tarla, ar dteachd dhó go tighdhuine áirghe
dúachdaránuibh na Bhpairísíneach a lá na sábbóidedo

chaitheamh bídh, go rabhadar a coimhéd air. 2 Agus, féuch
do bhí duine áirighe a nioropuis ná fhiadhnuisi. 3 Achd ar
bhfreagra Díosado labhair sé ris an luchd dlighe agus ris ná
Phairsíneachaibh, ag radh, An ceaduigheach leigheas do
dhéanamh lá na sábbóide? 4 Achd do thochdadarsan. Agus
ar mbreith ar a nóglach dhósan, do leighis sé é, agus do leig
sé úadh é; 5 Agus ag freagra dhóibhsean, a dubhairt sé,
Ciá aguibhsi agá dtuitfaedh a asal nó a ddhamh a ndíg,
nach dtoígeabhadh a níos é a lá na sábboíde? 6 Agus níor
bheídir léo freagra do thabhairt air ann sna neithibhsi. 7
Agus do laibhair sé cosamhlachd ris an muinntir thainic ar
cuireadh, ar na thabhairt dá aire mar do bhádar ag togha an
chedionuidshuighe; ag rádh riú, 8 An tan do ghéabha tú
cuireadh ó neach ar bith chum bainnsi, ná suidh ann sa
chéadaít; ar eagla go bhfúair duine as onó ruighe ná thusa
cuireadh úadh mar an gcéadna; 9 Agus go dtiocfadh an tí do
ghoir thusa agus eision agus go naibhéoradhsé riot, Tabhair
ionad dó so; agus ann sin do thoiseóchthá maille le náire
suidhe ann sa nionad is ísle. 10 Achd an tan ghoirfidhthear
thú, imthigh agus suidh ann sá nionad is ísle; ionnus an tan
thiocfas an títhug cuireadh ó dhuit, go naiheóradh sé riot, A
chara, suidh ní áirde suás ná sin: Ann sin do gheabha tú
onóir a bhfiadhnuisi a mbiá na suidhe maile riot. 11 Oír gidh
bé áduigheas é féin ísleóchthar é; agus gidh bé ísligheas é
féin, áirdeóchthar é. 12 Agus fós a dubhairt sé ris an té thug
cuireadh dhó, An tráth do dhéanas tú dInnéir nó suipéir, ná
goir do cháirde ná do dhearbhraithre, ná do dháoine gáoil,
ná do chomh arsanna saidhbhre; ar eagla go dtiobhradh
siadsan fós cuireadhdhuitse arís, agus go bhfúoghtheá an
chomaom chéadna. 13 Achd an tan do ní tú féasda, goir na
bcichd, na dáoine ciorthuimeacha, na bacaigh, agus na doill:
14 Agus biádh tú beannuighe; do bhrigh nach bhfuil acfuinn
aca an chomáoin cheadna do thabhairt dhuit: ó do bhéarthar
a luáidheachd dhuit a neiséirghe na bhfíréun. 15 Agus an tan
do chúalaidh duine áirighe dá raibh raibh ar áonbhord ris na
neithesi, a dubhairt sé ris, Is beannaighe an té itheas arán a
bhflaitheas Dé. 16 Achd a dubhairt seision rís Do rinne duine
áirighe suipéir mhór, agus do ghoir sé mórán: 17 A gus do
chuir sé a shearbhfhoghantaidh a nam suipéir dá rádh ris an
muinntir fnáir cuireadh, Tiagidh: Oir atAid na huile neithe a
nois ullamh. 18 Agus do thionnsgnadar uile dáonghuth a
leithsgéul do ghabháil. A ddubhairt an céadduine ris, Do
cheannaigh mé fearann, agus is éigin damh dhul amach
agus a fhéachain: íarruim ort gabh mo leithsgéul. 19 Agus a
dubhairt fear eile, Do chéannaigh mécúig cuingealuigh do
dhaimhuibh, agus atáim ag dul dá ndearbh- adhíaruim ort
gabh mo gabh mo leithssgéul. 20 Agus a dubhairt fear eile,
Do phós mé bean, ar a nadhbhairsin ní fhéaduim theachd.
21 Agus ar dteachd don tsearbhfoghautidhe, dinnis sé na
neithesi dhá thighearna. Ann sin ar ngabháil feirge dfear
an tighe a dubhairt sé ré ná óglach, Imthigh go tapuidh fá
shráidibh agus tabhair leachd a sdeach annsona boichd,
agus na bacaigh, agus na doill. 22 Agus a dubhairt an
searbhfoghautidhe, A tighearna, do rinneadh mar a duirt,
gidheadh atá ann fós. 23 Agus a dubhairt an tighearna ris a
nóglach, imitigh fá ná fálfuibh, agus coimhéignidh íad do
theadh a sdeach, do chum go lionfuidhe mo thigh. 24 Oír
a derim ribh, Nach blaifidh, aon nduine do na fearuibh úd
fuáir cuireadh dom shuipéarsa. 25 Agus do bhí slúagh mór
na chuideachda: agus ar bhfilleadh dho, a dubhairt ríu, 26
Gidh bé thig chugamasa, agus nach bhfUathuigheann sé a
athair, agus a mhathair, agus a bhean, agus a chlann, agus
a dhearbhraithreacha, agus a dheirbhsiúreacha, agus fós
a anam fein, ní heidir leis bheith na dheiscipbal agamsa.
27 Agus gidh bé nach iomchrann a chros déin, agus nach
leanann mise, ní héidir leis bheith ná dheisciobal agamsa.
28 Oír cía agaibhsi duine le madh mian tor do dheanamh,
nach suidhfeadh ar tús, do theilgean cuntais an chosdúis,
an mbiadh acfuinn aige chum críche do chur air? 29 Ar
eagla, déis na funndameinte do dhó, agus gan chumas aige
críoch do chur air, go dtoiséochadh gach áon nduine dhá
bhfaicfeadh é, fonomhad do dhéanamh faói, 30 Ag rádh,
Do thionnsgainn an fearsa obair do chur ar siobhal, agus
fhéd sé críoch do chuir uirrthe. 31 Nó cia an rí rachadh do
dhéanamh coguidh a naghaidh rígh eile, nach suidhfeadh ar
tús, do dhéanamh comhairle nar bhéidir leis le deich míle
teagmháil don té thig na aghaidh lé fichthe míle? 32 Nó, ar
mbeith dhósan fós a bhfad úadh, cuiridh sé teachdaireachd
chuige, agus iarruidh sé siothcháith. 33 Mar an gcéadna,
gach uile dhuine agaibhsi nach díultanndhá bhfuil aige,
uí héidir dhó bheith na dheisciobal agamsa. 34 Is maith
an salann: achd má bhiónn an salann gan bhlas, créd lé
gcuirfidh blás air? 35 Ní bhfuil féidim air chum na talmhon,
ná chum a naóiligh; teilid daoine amach é. Gidh bé agá
bhfuilid clusa chum éisdeachda, éisdeadh sé.

15 Agus tangadar na Puibliocáin uile agus na peacthaigh
chuige déisdeachd ris: 2 Agus do rinneadar na
PhairsInigh agus na SgrIobuidhe munmhar, ag rádh,
Gabhuidh an feporso peachtaigh chuige, agus ithidh se bíadh
na bhfochair. 3 Achd do labhair seison an chosamlachd sa
riu, ag rádh, 4 Cía agaibhsi duine, agá bhfuil céad cáora,
agus do léigfeadh áon díobh a mugha, nach bhfágann na
naói gcaóiridh déug agus ceithre fichid ar an bhfásach, agus

nach dtéid a ndiAigh na c aorach úd do chúaidh a mugha,
nó go bhfafann sé í? 5 Agus ar na fagháil do, cuiridh sé go
luathgháireach, í ar a ghnáillibh, 6 Agus ar dteachd dá thigh
dhó, goiridh se a cháirde agus a chomharsain a geanna
chéile, ag rádh rIu, Déanuidh luathgháireleamsa; óir fuáir mé
mo cháora do chuáidh a múgha. 7 A derim ribh, gur ah mar
sin bhias forbhfáilte ar neamh ar son éin pheaochach do
mni is mó na ar son naói bhfréin dég agus fichid, ar nach
bhfuil riachdanasaithrighe. 8 Nó cía an bhean agá mbíadh
deich mboinn, agus do léigfeadh si ááon bhonn diobh a
mugha, nach lasadh solas, agus nach sguaibéochadh an
tígh, agus nach íarrfadh go dithcheallach nó go bhághadh
si é? 9 Agus ar na fHagháil, goiridh sí a bancháirde agus
a banchomharsain a gceann a chéile, ag radh, Deannidh
gáideachas léamsa; óir fuáir mé mo bhonn do leig me a
múgha. 10 Mar an gcéadna, a deirim ribh, Bí gáirdeachas
ar ainglibh Dé trí éin pheacthach amháin do ní aithrighe.
11 Agus a dubhairt sé fós, Do bhádar días mac ag duine
aáirghe: 12 Agus a dubhairt an ti dob oige aca ré na athair,
Athair, tabhair dhamh an chuid roitheas misi dod mhaóin.
Aagus do roinn seision a mhaóin eatorra. 13 Agus tar éis
bheagáin aimsire ag cruinniughadh a choda uile don mhac
dob óige, do chúaidh sé air coigcrigh adtalamh imchían,
agus do dhiombail sé ann sin a mhaóin lé na bheathaidh
baoth-chaithfigh. 14 Agus tar éis a choda uile do chaitheamh
dho, déirih gorta romhór ann sa tir sin; agus do thosaigh
seision ar bheith a ríachdanas. 15 Agus do imigh sé roimhe
agus do cheangal sé e fein do chaithruightheóir don tír sin;
noch do chuir fána dhúitche a mach é do bhúachuilleachd
muc. 16 Agus bá mhian leis a bhlog do Líonadh do na
féithéoguibh do na muca: agus ní thugadh éanduine dhó íad.
17 Agus an ta n do chuimhnigh sé air féin, a dubhairt sé,
Gá mhéd luchd túarasdail matharsa agá bhfúil iomarcaidh
aráin, agus misi ag dul a mugha le gorta! 18 Fíréochaid mé
agus rachaidh médionnsuighe mathar, agus déaruidh mé
ris, A athair, do pheacaigh mé a naghaidh neimhe agus
ad fhíadhnuisisi, 19 Agus ní fín mé feasda do mhacsa do
ghairm dhióm: déana mé mar áon dod luchd thúarasduil.
20 Agus deirigh sé, agus do chuáidh sé dionnsuighe a
athaar. Agus ar mbeith fós a gcíanúadh dhó do chonnaire
a athair é, agus do ghabh truáighe mhór dhó é, agus ag
rith dhó, do chrom sé fá na bhrághuid, agus do phóg sé
é. 21 Agus a dubhairt an mac ris, A athair, do pheacaigh
méa naghuidh neimhe, agus ad fhiadhnuisisi, agus ní fiu mé
feasda do mhacsa do ghairim dhiom. 22 Agus a dubhhairt an
tathair ré na shearbhoghantaibh, Tabhruidh an chuluidhein
is fearr libh, agus cuireidh uime í; agus cuiridh fainne air
a láimh, agus bróga air a chosaibh: 23 Agus tuguidh libh
agus marbhuidh, an láogh bíadhta; agus caitheam biadh,
agus bíom go súgach: 24 Oir fuáir mo mhac ann so bás,
agus do aithbhéodhuigh sé: agus do chúaidh sé a mugha,
agus friíth é. Ar a naddhbhar, sindo thionnsgnadar bheith
go sugach. 25 Achd do bhí an mac búdh seine aige air an
machaire amuich: agus ar dteachd a ngar don tigh dho,
do chúaluidh sé an céol agus na damhsaidhe. 26 Agus ar
ngairm aóin do na scarbhfhoghantuibh chuige dhó, dfiáfruidh
sé dhe créd iad na neithesi? 27 Agus a dubhairt seision
ris, Do dhearbhráthairsi thánic: agus do mharbh hathair
anláogh bíadhta, ar son go hˇfuair sé slán a ris é. 28 Agus
do ghabh fearg eision, agus nior bháill leis dul a sdeach:
uimesin tháinic a athair amach, agus do ghoir sé chuige
é. 29 Achd ar bhfreaga dhosan a dubhairt sé ris a athair,
Feach, a timsi ag déanamh agus nior sháruigh mé haithne a
riamh: gídheadh ní thug tú fin an mheannáin dhamh ariamh,
ionnus go mbéinn go súgach rém cháirdibh: 30 Achd an
tan tháinic an macsa agad, do shlug do mhaóin a bhfochair
mheirdreach, do mharbh tú an láogh ˇbíadhta dho. 31 Achd
a dubhairt seision ris, a mhic, atá tusa do gnáth am fhochair,
agus na huile neithe is leamsa, is leachdsa iad. 32 Achd
do budh cóir dhúinn sugachas, agus forbháilteachas do
dhéanamh; tré go raibh an dearbhathairsi agadsa tar éis
bháis, agus gur aithbhéodhuigh sé; agus go ndeach aidh sé
a mugha, agus gur fríth a ris e.

**16** Agus a dubhairt sé fós ré na dheisciobluibh, Do bhí
duine saidhbhir áirighe ann, aga raibh sdíobhard; agus
do rinneadh casasoid ris air, gur dhíomháil sé a mhaóin.
2 Agus ar na ghairm chuige dho, a dubhairt sé ris, Créd
é so do chluinim ort? 3 Agus a dubhairt an sdíobhard ris
féin, Créd do dhéana mé? óir atá mo thighearna ag buáin
na sdíobhardachda dhióm; ní héidiir leam roghmhar do
dheanamh: agus is nair leam déirc iarruidh. 4 Atá a fhios
agam créd do dhéana mé, ionnas, an tan cuirfightear as
an sdíobhardachd me, go ngéubhuidh síad chucha mé dá
dtighthibh féin. 5 Agus ar ngairm gach aóin leith dar dhligh a
thighearna fiacha, a dubhairt sé ris an gcéd fhear, Gá mhéad
a dhligheas mo thighearna dhíot? 6 Agus a seis ion, Céd
miosúr ola. Agus a dubhairt seision ris, Gabh chugad do
sgríbhina, agus suidh go lúath, agus sgríobh a deich agus
dá fhithchead. 7 Agus a dubhairt sé na dhiáigh sin ré duine
eile, Créd dhlightear dhiotsa? Agus a dubhairt seision, Céad
míosúr cruithneachda. Agus a dubhairt seision ris, Gabh
chugad do sgríbhinn, agus sgriobh ceithre fithchid. 8 Agus
do mhol an tighearna sdíobhard na héugcóra, do bhrigh go

ndearuidh sé ní glic: oír is glíoca clann an tsáoghailsi ná
clann an tsolais iona gcinél féin. **(aiōn g165)** **9** Agus a deirinsi
ribh, Déanuidh cáirde dhibh féin lé sáidhbhreas na héagcóra;
ionnus an tráth bhías uireasbhuibh oruibh, go nglacfuidh
sibh ann a lóisdinibh siorruidhe. **(aiōnios g166)** **10** An tí atá
ionnruic sa ní is lúgha ata sé ionnruic a móran; agus gidh
bé atá éagcórach sa ní is lugha atá se éagcórach a mórán
mar an gcéadna. **11** Ar a nadhbharsin muna rabhabhairse
fírinneacch ann sa tsaidhbhreas bhréagach, cia tháobhtas
an saidhbhreas fírinneach ribh? **12** Agus muna frioth ionnruic
sibh a gcuid duine eile, cia bhearadh dhaóibh an ní is libh
féin? **13** Ní héidir le searbhfoghantuidhe ar bith seirbhis
do dhéanamh do dhá thighearna: óir biáiddh fúath aige do
neach aca, agus grádh don dara fear; nó ceangalfuidh sé do
dhuine aca, agus do bhéara sé tarcuisne ar an dara fear. Ní
héidir libh seirbhís do dhéanamh do dhía agus do Mhammon.
**14** Agus do Chúaladar fós, na Phairisnigh sanntacha, na
neithesi uile: agus do rinniodar fonomhad faóision. **15** Agus
a dubhairt seision ríu, Is sibhsi an dream sháorus sibh
féin a bhfíadhnuisi na ndaoine; achd is aithnid do Dia bhur
griodhethe: óir an ní atá fá mhóirchion a bhfiádhnuisi na
ndaóine atá sé gráineamhnil a bhfiádhnuisi Dé. **16** Do bhí an
reachd agus na faighe ann go teachd Eóin: ó shin a leith
atá rioghachd Dé dhá shiosgéuluhadh, agus atá gach uile
dhuine ag déanamh foiréigin air. **17** Achd as usa neamh
agus talamh do dhul thort, ná áonphunc don dligheaddh do
thuitim. **18** Gibh bé neach léigeas a bhean, agus phósus
bean eile, do ní sé adhaltrannas: agus gidh bé bhéir an
bheansin do leigeadh ó a do ní sé adhaltrannas. **19** Achd
do bhí duine saidhbhir áirgighe ann, agus is é bá héadach
dhó purpuir agus sioda, agus do théigheaddh sé chum bídh
go roshóghamhuil gach laói: **20** Achd do bhí duine bochd
áirgighe ann, dar Lás, do bhí na luidhe agá gheatasan, lán do
chréachduibh, **21** Agus ler mhían é féin do shásadh leis an
sbruileach do thuiteadh do bhórd an duine saidbhir: agus do
thigdís na madruidhe, agus do ligheas chréachda. **22** Agus
tárla, go bhfuair an duine bochd bás, agus gur iomchradar na
haingil go huchd Abramham é: agus mar an gcéadna fuáir
an duine saidhbhir bás, agus do hadhluiceadh é; **23** Agus ar
mbeith dhó a nifearn a bpíanuibh do thóg sé a shúile súas,
agus do chunnairc sé Abraham a bhfád Uadh, agus Lasarus
ann a uchd. **(Hadēs g86)** **24** Agus ar néimhghe dhósan an
tansin a dubhairt sé, A athair Abraham, déana tócaire oram,
agus cuir Lásarus do thumadh barr amheóir a nuisge, agus
dfúaradh mo theangtha: óir ataim dom roiphíanadh an sa
lasairsi. **25** Achd a dubhairt Abraham, A mhic, cuimhnigh gur
ghlac tusaneithe maithe le linn do bheith béo, agus Lásarus
mar an gceadna droch neithe: achd atá sólas aigesion a
nois dá fhágháil, agus atá tusa dod phíanadh. **26** Agus
do bhárr orrtha so uile, atá fodhomhain mhór ar na cur
eadruinne agus sibhsi: ionnas nach Eidir leis na daóinibh
lé budh mían é dul as so chugaibhsi: na teachd as sin,
chuguinne. **27** Agus a dubhairt seision, Maseadh, íarruim
ort a athair, eision do chur go tigh matharsa: **28** Oir atáid
cúigear dearbhrathar agam; do thabhairt sgéul dóibh, ionnus
nach dtiocfaidh siadsan mar an gcéadna ann sa nionadsa
na péine. **29** A deir Abraham ris, Atáid Maóisi agus na fáighe
aca; éisdeadh síad riusan. **30** Achd a dubhairt seísion, Ní
hamhluidh atá, a athair Abraham: achd dá ndeachd duine
ó na marbhuibh chuca, do dhéaindis aithrighe. **31** Agus
a dubhairt sé ris, Muna néisdidh siad ré Maóisi agus ris
na fáighibh, dá néirgheadh duine ó mharbhuibh féin, ni
chredidís dó.

**17** Agus a dubhairt sé ris na deisciobluibh, Ní héidir nach
dtíocfuid sgannalacha!: achd is trúagh don tí, tré a
dtigid said! **2** Do bfearr dhó cloch mhuilinn do chur fá na
mhuinéul, agus a theilgean ann sa bhfairrge, ná áon don
mhuinntir bhigsi sgannlachadh. **3** Tabhraidh bhur naire dhíbh
féin: Má pheacaigheann do dhearbhrathair ad aghaidh,
imdhearg é; agus má ní sé aithrighe, tabhair maitheamhnus
dó. **4** Agus má pheacaigheann sé ad aghaidh seachd nuáire
sa ló, agus go bhfillfe sé chugad seachd nuáire sa ló, ag
rádh, Atá aithreachas oram; tabhair maitheamhnus dó. **5**
Agus a dubhradar na heasbuil ris, A Thighearna, méuduigh
ar gcreideamh. **6** Agus a dubhairt an Tighearna, Dá mbeith
oiread ghráinne musdaird do chreideamh aguibh, déaradh
sibh ris a gcrann sicaminso, Eirigh as do fhréamhach,
agus curthar an sa bhfairge thú; agus do umhlochadh sé
dhaóibh. **7** Agus cía aguibh, agá bhfuil searbhfhoghantuidhe
a treabhadh no a coimhéd treada, lé a naibéoradh sé ar an
mball, an tan do thiocfadh sé ón bhfearann, Imthigh agus
suidh sios ar an bord? **8** Achd a né nach aibéora sé ris,
Ullmhuigh an ní íosas mé ar mo shuiper, agus cuir do chrios
thort, agus fritheóil damhsa, no go nithe mé agus go nibhe
mé; agus tar éisi sin ithsi agus ibh? **9** An mbía buidheachas
aige ar a tsearbhfhoghantuidhe úd do bhrigh go ndearna
sé na neithe do haithneadh dhe? Ní shaóilim gormbía. **10**
Augs is mar sin dáoibhsi, an tan do dhéantaói gach uile ní
dár haithniughadh dhíbh, abruidh, Is searbhfhoghantuidhe
neamhtharbhacha sinn: óir do rinneamar an ni do bhi
dfíachaibh oruinn do dhéanamh. **11** Agus tárla, ag dul súas
dó go Hierúsalém, gur ghabh sé sé tré lár na Samária agus
na Galilé. **12** Agus an tráth do chuáidh sé a sdeach go baile

áirighe, tárladar deithneabhar fir lóbhar air, do sheas a bhfad
úadh: **13** Agus do árduigheadar a nguth, ag rádh, A Iósa,
a Mhaighisdir, déana trócaire oruinn. **14** Agus an tan do
chunnairc sé íad, a dubhairt sé riu, Imthighidh foillsighidh sibh
féin do na sagartuibh. Agus tárla, ag imtheachd doibhsion,
gur glanadh íad. **15** Achd fear aca, mar do chuinnairc sé é
féin ar na shlánughadh, dfill sé air, ag moladh Dé do ghuth
mhór, **16** Agus do thuit sé ar a aghuidh agá chosaibhsean,
ag breith bhuidheachais ris: agus budh Samaritánach an
fearso. **17** Agus ar bhfreagra Diósa a dubhairt sé, A né nach
bhfuilid deithneabhar ar na nglanadh? agus a náonbhar
cáit a bhfuilid? **18** Níor frith ag filleadh do thabhairt gloíre
do Dhía, achd an coigcrigheachso. **19** Agus a dubhairt sé
ris, Eirigh, imthigh romhad: do shlánuigh do chreideamh
thú. **20** Agus an tan dfiafruigh na Phairisinigh dhe, Cía an
tráth thiocfadh riogháchd Dé, do fhreagair sé íad agus a
dubhairt sé, Ní thiocfa rioghachd Dé récoimhéd. **21** Agus
ní aibheóruid said, Féuch ann so! nó, féuch ann súd! oír,
féuch, atá ríoghachd Dé aguibh an bhus measg. **22** Agus
a dubhairt sé ré na dheisciobluibh, Tiocfuidh a naimsir,
an a mbia míangus oruibh áon do laéthibh Mhic an duine
dfaicsin, agus ní fhaicfithí. **23** Agus a déarúid said ribh,
Féuch ann so; nó, féuch ann so: achd ná himthigh, agus
na leanuidh iád. **24** Oír amhuil agus mar dheallruigheas an
tinnteach, shoillsigheas ó náird go chéile fáoi neamh, is mar
sín bhiás Mac an duine mart an gcéndna ann a lá féin. **25**
Achd is éigin dó ar tús mórán dfulang, agus a dhiultadh ón
chineadhsa. **26** Agus mar do tharla a laéthibh Náoi, is mar
sin fós bhiás a laéthibh Mhic an duine. **27** Do bhádar ag
ithe, ag ibhe, ag posadh, agus ag tabhairt chum posda,
gus an lá ann a ndeachaidh Náoi do náirc, agus táinic an
dile, agus do sgris sí iád uile. **28** Agus ar a nós gcéadna
mar tharla a laéthibh Lot; do bhádar ag ithe, ag ibhe, ag
ceannach, ag reic, ag plantugheadh, ag tógbhail tighthe;
**29** Achd an lá ann a ndeachaidh Lot amach as Sodom do
fearadh teine agus ruibh ó neamh, agus do sgrios sé iúd
uile. **30** Is da réir so bhias ar an lá ann a bhfoillseochthar
Mac an duine. **31** Ann sa lá sin, an té bhiás a tigh, agus a
mháoin ann sa tighsin, ná tuirlingeadh sé chum a dtógbhála:
agus an tí atá ar an machaire, na casadh sé tar a ais mar an
gcéadna. **32** Cuimhnighe ar mhnáoi Lot. **33** Gidh bé neach
iárrfas a anam féin do shabháil caillfidh sé é; agus gidh bé
chaillfeasa anam beodhfuidh sé é. **34** A deirim ribh, béid
diás a náoinleabaigh ann sa noidhche úd; geubhthar lé háon
aca, agus fúighfighthear an fear eile. **35** Beid diás ban ag
bróinteórachd a náoinfheachd; géubhthar lé mnáoi aca,
agus fuigfighthear an dara bhean. **36** Beid diás fear ar an
machaire; géubhthar lé háon aca, agus fuigfighthear an fear
eile. **37** Agus ar bhfreaga dhóibhsion a deirid ris, Gá háit,
a Thighearna? Agus a dubhairt seision riú, Gidh bé ball a
mbíu an corp, is ann sin fós chruinneochthar na hiolair.

**18** Agus a dubhairt sé fós cosamhlachd riú, gur ab éigin
urnuighthe dhéanamh do ghnáth, agus gan a bheith
leisgeamhuil. **2** Ag rádh, Do bhí breitheamh áirighe a
gcathraigh áirghe, air nach raibh eagla Dé, agus ag nach
raibh onoír do dhuine: **3** Agus do bhí baintreabhach áirighe
ann sa chathruighsin noch tháinic chuige, ag rádh, Cóirigh
mé air measgcaruid. **4** Agus niór bháill leision ar feadh
tamuill: achd tar éis sin a dubhairt sé ris féin, Ce nach bhfuil
eagla Dé oram, agus nach bhfuil onóir agam do dhuine; **5**
Gidheadh do bhrígh go mbuaidhreann an bhaintreabhachsa
mé dioghóla mé í, do chum nach dtiocfadh sé fá dheireadh
dom bhuaidhreadh. **6** Agus a dubhairt an Tighearna, Eisdidh
créd a deir breitheamh na héagcora. **7** A né nach déana Diá
dioghaltas ar son a dháoine toghtha féin, éimhgheas air
do lá agus doidhche, ge atá foighid aige na ttimcheall? **8**
A deirim ribh go ndéana sé dioghaltas ar a son go lúath.
Achd cheanna an tan thiocfas Mac an duine, an bhfuighe sé
creideamh ar an dtalamh? **9** Agus fós ré dreim do sháoil iád
féin bheith na bhfiréain, agus do tharcasinigh cách eile, a
dubhairt sé an chosamhlachdsa: **10** Do chúadár días do
dháoinibh súas don teampall do dhéanamh urnuighe; áon
aca na Phairisíneach, agus araile na phúibliocánach. **11** Ar
seasamh don Phairisíneach do bhí sé guidhe mar so leis
féin, A Dhiá, beirim buidheachas riot, nach bhfuilim mar atáid
dáoine eile, a luchd fuáduigh, éugcórach, adhaltrannach,
nó fós mar an bpuibliocánachsa. **12** Troisgim fá dhó ann
sa tseachdmhuin, do bheirim deachmhuidh as gach ní dhá
sealbhuighim. **13** Agus ar seasamh don phuíbliocán, a
bhfád úadh, nior bháill leis fiú a shúl do thogháil suás chum
neimhe, achd do bhuaileadh sé a uchd, ag rádh, A Dhía
déana trócaire oramsa an peachthacht. **14** A deirim ribh,
go dtáinic an tési a núas dá thigh féin na fhiréanach ni is
mó na fear úd: óir gidh bé ísligheas é féin áirdeochthar
é. **15** Agus fós tugadar chuige náoidheanain, ionnus go
mbeanfadh sé ríu; agus an tan do chuncadar na deísciobuil
so, do imdheargadar íad. **16** Achd ar ngairm na leanabh
Díosa chuige, a dubhairt sé, Fuilngidh na leinbh do theachd
chugamsa, agus ná toirmeasguidh íad: óir is lé na leitheid so
rioghachd Dé. **17** A deirim ribh go fírinneach, Gidh bé nach
géubha chuige rioghachd Dé mar náoidheanán nach racha
sé go bráth a sdeach innte. **18** Agus a dfafruigh úachdarán
áirighe dhe, ag rádh, A Mhaighisdir mhaith, créd do dhéana

mé lé a sealbhócha mé an bheatha mharthanach? **(aiōnios
g166)** 19 Agus a dubhairt Iósa ris, Créd fá ngoireann tú máith
dhiomsa? ní bhfuil éinnrach maith, achd Día, amaháin. 20
Atá éolos na naitheantadh agad, Ná déana adhaltranas, Ná
déana dunmharbhadh, Na déana goid, Ná déana fiadhnuisi
bhréige, Onóiruigh hathair agus do mhathair. 21 Agus a
dubhairt seision, Do choimhéid mé na neithesi uile óm óige.
22 Agus ar na cclos so Díosa, a dubhairt sé ris, Atá éinni
fós duireasbhuidh ort: reac a bhfuil agad, agus roinn ar na
bochduibh, agus bíaidh cisde ar neamh agad: agus tárr,
lean misi. 23 Agus ar na chloinnsin so dhósan, do ghlac
tuirse mhór é: óir do bhí sé roshaidhbhir. 24 Agus an tan
do chunnairc Iósa go ráibh sé lán do dhobrón, a dubhairt
sé, Créd é a dheacrachd do na dáoinibh sáidhbhre dul a
sdeach a rioghachd Dé! 25 Oír is usa camhall do dhul tri
chró snáthuide ná do dhuine shaidhbhir dul a sdeach a
rioghachd Dé. 26 Agus a dubhrádar an dream do chúalaidh
so, Máseadh cía as éidir do shlánughadh? 27 Achd a
dubhairt seision, Na neithe ata dó dhéanta ag na dáoinibh
atáid so dhéanta ag Dia. 28 Agus a dubhairt Peadar, Féuch,
do fhágamairne na huile neithe, agus do leanamair thusa. 29
Agus a dubhairt seision riú. A deirimsi ribh go firinneach,
Nach bhfuil éinneach do fhág a thigh, ná á athair ná a
mhathtair, ná a dhearbhraithreacha, ná a bhean phósda, ná
a chlann, ar son rioghachda Dé. 30 Nach nglacfa sé mórán ní
sa mhó ann sa naimsirso, agus an bheatha mharthanach an
sa tsáoghal atá ag teachd. **(aiōn g165, aiōnios g166)** 31 Agus ar
mbreith an dá fhear déag leis Diósa, a dubhairt sé riu, Féuch,
téaghmáoid súas go Hiárusalem, agus críochnóchthar a
dtimcheall Mhic an duine na huile neithe atá sgriobhtha ag
na fáighibh. 32 Oír do bhéarthar do na Cineadhachaibh é,
agus do dhéuntar fonnomhad faoi, agus maisleóchthar é,
agus géubhthar do shelighibh air: 33 Agus ar na sgiúrsadh
dhóibh muifid achd éireóchaidh sé a ris an treas lá. 34
Agus niór thuigeadarsan éin ní dhíobh so: agus do bhádar
na briáthrasa foluighthe uátha, agus níor aithnigheadar na
neithe a dubhradh ann. 35 Agus tárla, an tan do dhrnid sé ré
Ierico, gur shuidh dall áirighe chois na sligheadh ag iarruidh
déirce: 36 Agus an tan do chúaluidh sé an slúagh ag gabháil
thairis, dfiafruidh sé créd é so. 37 Agus dinniseadar dhó, gur
ab é Iósa Nasardha do bhí gabháil thairis. 38 Agus do éigh
seision ag rádh, A Iósa, a mhic Daibhi dénna trócaire oram.
39 Agus an dream do bhí roimhe do imdheargadar é, ionnus
go mbíadh se na thochd: achd is moide do éighmheadh
seision sin, A mhic Dáibhi, déana trócaire oram. 40 Agus ar
seasamh Díosa, do aithim sé a thabhairt chuige: agus an tan
do dhruid sé ris, dfiafruidh sé dhe, 41 Ag rádh, Créd is mián
leachd misi do dhéana dhuit? Agus a dubhairt seision, A
Thighearna, mo radharc aiseag dhamh. 42 Agus a dubhairt
Iósa ris, Bíodh do radharc agad: do shlánuigh do chreideamh
thú. 43 Agus do fúair sé a radharc ar an mball, agus do
lean sé eisean, ag tabhairt glóire do Dhiá: agus an tan do
chunnaire an pobal uile so, tugadar moladh do Dhía.

**19** Agus ar ndol a sdeach go Iérico Diosa do ghabh sé
thríthe. 2 Agus, féuch, do bhí duine áirighe ann dár
bhainm Sachéus, do bhi na úachdarán air na publiocáin,
agus do bhí sé saidhbhir. 3 Agus do bhí fonn air fhaicsin cia
hé Iósa; agus níor bhéidir ris ón tslúagh, tré go raibh sér ísiol
do phearsainn. 4 Agus ag rith roimhe dhó, do chuáidh sé
súas a gcrann sicamor ionnus go bhfaicfeadh sé é: óir do bhi
fáoi an tslighsin do ghabháil. 5 Agus an tan tháinic Iósa chum
na háitesin, ar bhféachain súas dó, chúnnairc sé eision,
agus a dubhairt sé ris, A Shachéus, tuirrling go deifreach; óir
is ad thigh is éigin damhsa comhnuidhe dhéanamh a niu.
6 Agus ag deifriúghadh dhósan, do thuirrling sé, agus do
ghabh sé chuige é go luáthgháireach. 7 Agus an tan do
chunncadar cách uile so, do rinniodar munbhar, ag rádh,
Go ndeáchaigh sé a sdeach air áoidheachd dionnsuighe
peacthaich. 8 Agus ag seasamh do Shachéus, a dubhairt sé
ris an Tighearna; Féuch, a Thighearna, do bheirim leath mo
mháoine do na bochdaibh; agus má mbeall mé duine air bith
a néinní, do bheirim dhó a cheithre oirid. 9 Agus a dubhairt
Iósa ris, A niugh thárla sláinte don tighsi, do bhrígh do bhfuil
seisean fós na mhac ag Abraham. 10 Oír tháinic Mac an
duine diárruidh agus do shlánughadh an ní do chúaidh a
mugha. 11 Agus ag éisdeachd dóibhsean leis so, do chuir
sé leis agus a dubhairt sé cosamhlachd, tré go raibh sé
láimh ré Hiarúsalem, agus gur sháoileadarsan nach fada
go bhfoillseochtháoi rioghachd Dé. 12 Ar a nadhbharsin a
dubhairt se, Do chúaidh duine uasal áirighe a régión imchían
do ghabháil rioghachda dhó féin, agus dfilleadh air a ais.
13 Agus ar ngairm a dhéichneabhar searbhfhoghantuighe
dhó, tug sé deich bpunta dhóibh, agus a dubahirt sé riú,
Déunuidh gnothuigh nó go dtig mé. 14 Achd do bhí fúath ag
luchd a chaithreach dhó, agus do chuireadar teachdaireachd
na dhiáigh, ag rádh, Ní hail linn é so do ríoghadh oruinn. 15
Agus tárla, an tan do fhill sé, ar ngabháil na rioghachda
chuige, gur nithin sé na searbhfhoghantaighe úd da dtug sé
an tairgead, do ghairm chuige, ionnus go mbiadh a fhios
aige créud do ghnodhuigh gách áon aca. 16 Agus táinic án
céadduine, ag rádh A thighearna, do ghnodhuigh do phiosa
deich bpiosa. 17 Agus a dubhaiort seision ris, Is maith sin,
a shearbhfhoghantuighe mhait: óir do bhí tú firinneach ar

bheagán, bíodh cumhachda agad ar dheich gcaithreachaibh.
**18** Agus táinic an dara fear, ag rádh, A thighearna, do
rinne do phíosa cúig piosa. **19** Agus a dubhairt ris an tesi,
Bisi mar an gcéadna ós cionn cuig gcaithreach. **20** Agus
táinic fear eile chuige, ag rádh, A thighearna, féuch, do
phiosa do bhí agamsa a ttaisgidh a naipcin: **21** Oír do bhi
heaglasa oram, tré gnr duine foghruáma thú: tógbhuidh tú
súas an ui nár chuir tú siós, agus beanuidh tí an ní nar
shiólchuir tú. **22** A dubhairtsion ris, As do bhéul féin do
bheir imbreith ort, a dhriochshearbhfhoghantaigh. Do bhí
a fhios agad gur dhuine forghrúama misi, thogbhus súas
an ni nach ar chuir mé siós, agus bheanas an ni nach ar
shíochuir me: **23** Ar a nadhbharsin créd fá nar chuir tusa mo
chuid airgid ann sa mbane, agus ar dteachd damhsa do
thóigeubhuinn é maille lé biseach? **24** Agus a dubhairt sé ris
an muinntir do bhi na seasamh, Tóguidh úadh an piósa,
agus tabhruidh don té úd agá bhfuilid na deich bpiósa é. **25**
(Agus a dubhradarsan ris, A thighearna, atáid deich bpiosa
aige.) **26** Oír a deirin ribh, Gur ab do gach áon agá bhfuil do
bhéarthar; agus an té ag nach bhfuil, beanfuighear dhe fós
an ní atá aige. **27** Tabhruidh libh ann so, na naimhde úd
agamsa, le nar bháill misi do rioghagh ós a gceann, agus
marbhaidh am fiadhnuisi iad. **28** Agus ar na rádh so, do
chúaidh sé rompa, ag dul súas go Hiarasaleim. **29** Agus
tárla, an tan do dhruid sé lé Betpháge agus ré Betánia,
láimh ris a tsliabh da ngoirthear slíabh na Noluidhe, gur
chuir sé dias da dheisciobluibh úadh, **30** Ag rádh, Imthighidh
don bhaile atá as bhur gcomhair; ar ndul a sdeach ann
dáoibh do gheabhtháoi searrach ceangailte, ar na shuidh
áon nduine riamh: sgáoilidh, agus tabhruidh libh é. **31** Agus
dá bhfiafruidhe éin neach dhibh, Créd fa sgáoiltí é? is mar
so a déartháoi ris, Ar son go bhfuil féidhm ag an Tighearna
air. **32** Agus ar nimtheachd do na teachairidhibh, fúaradar
mar a dubhairt sé riu. **33** Agus ar sgáoileadh an tsearraigh
dhóibhsion, a dubhradar a thighearnuidhe riu, Créd fá sgáoiltí
an searrach? **34** Agus a dubhradarsan, Tré go bhfuil féidhim
ad an Tighearna air. **35** Agus rugadar léo é chum Iósa:
agus ar dteilgean a mbrat ar a tséarrach, do chuireadar
Iósa air. **36** Agus ag imtheachd dósan, do leathnuigheadar
a néadhuighe ar a tslighe. **37** Agus an tan do dhruid sé a
bhogus, ré casaigh shléibhe na Noluidheadh, do thionnsgain
an chuideacha dheisciobal uile go lúathgháireach Dia do
mholadh do ghuth mhór ar son gach uile subhailcighe dá
bhfacadur; **38** Ag rádh, Is beannaighe an Rí thig a nainm an
Tighearna: sióthcháin ar neamh, agus glóir an sna bárduibh.
**39** Agus a dubhradar Phairisinigh áirighe do tslúagh ris,
A Maighisdir, tabhuir achmhusán dod dhéiscioblaibh. **40**
Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé riu, A deirim ribh,
má thochduid so, go néighfid na clocha féin. **41** Agus mar
do dhruid sé a radharc na caithreach, do ghuil se air a
son, **42** Ag rádh, O dá naitheantá, ann sa lá agad féin
fós, na neithe bheanas réd shiothcháin! achd atáid síad
a nois foluighthe ód shúilibh. **43** Oír tiocfuid láethe ort,
ann a dteilgfid do naimhde diog ad thimcheall, agus iona
dtimchiollfaid, agus iona gcuibhreochaid thú gach éantáobh.
**44** Agus do dhéanuid comhchothrom ris an dtalamh thú,
agus do chlann ionnad a stigh; agus ní fhúigfid cloch ar
miuin cloiche ionnad; tré nar aithin tú aimsear thfiosruighthe.
**45** Agus ar ndol a sdeach don teampall dhó, do thionnsgain
sé an dream do bhi ag reic, do thionnsgain cé an dream do
bhi ag reic agus ag ceannach ann, do chur amach; **46** Ag
rádh ríu, Atá sgriobhtha, Mo thighse is tigh urnuighe é; achd
cheana do rinneabhairsi tuimighthe bhiothamhnach dhe. **47**
Agus do bhíodh sé teagasg gach lá ann sa teampall. Agus
díarradar úachdaráin na sagart agus na sgríobuidhe agus
cinn an phobuil eisíon do mharbhadh, **48** Gidheadh ni raibh
a fhios aca créd do dhéunaidis: óir do bhi an pobal uile ro-
aireach air éisdeachd risean.

**20** Agus tárla, áon do na láethibh sin, an tan do theagaisg
séision an pubal ann sa teampall, agus do sheanmoir
sé an soisgéul, go dtangadar úachdaráin na sagart agus na
sgríobuidhe maille ris na sinnsearuibh chuige. **2** Agus do
labhradar ris, ag rádh, Innis dúinne, cia an tughdarrás as a
ndéanann tú na neithesi? Nó cia thug an tughdarrás so dhuit?
**3** Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ríu, Fiafrochaidh
misi fós aonfhocal amháin dibhse; agus tabhruidh freagra
oram: **4** Baisdeadh Eóin, ann ó neamh do bhi se, nó ó
dháoinibh? **5** Agus do bhádarsan ag tagra eatarra féin,
ag rádh, Má dermíd, O neamh; déara seisean, Créd fá
nar chreideabhairsi dhó? **6** Achd má deirmid, O dháoinibh;
géubhuidh an pobal uile do chlochaibh orainn: oír is deimhin
léo gur fáigh Eóin. **7** Agus do fhreagradar, nach raibh a
fhios aca féiu gá hás dó. **8** Agus a dubhairt Iósa ríu, Ní mó
innéosas misi dhíbhsi cía an túghdarrás as a ndéunuim na
neithesi. **9** Agus do thionnsgain sé an chosamhlachdsa
do rádh ris an bpobal; Do chuir duine áirighe fíneamhuin,
agus tug sé amach do sgológuibh í, agus do bhi sé féin a
gcoigcrích air feadh aimsire faide. **10** Agus na am féin do
chuir sé a shearbhfhoghantuighe chum na sgológ, ionnus
go dtiobhraidis ní do thoradh na fíneamhna dhó: achd do
ghabhadar na sgológa air, agus do chuireadar folamh uátha
é. **11** Agus do chuir sé searbhfhoghantuighe eile úadh a rís:
achd ar ngabháil air sin leis, agus ar dtabhairt easonóra dhó,

do chureadar folamh uátha é. 12 Agus na cheann sin do chuir
sé an treas úadh: achd do chuireadarsan amach an tésin
leis, ar na lot. 13 Achd a dubhairt tighearna na fíneamhna,
Cred do dhéana mé? cuirfidh mé mó mhac grádhach féin
chuca: do béidir an tan do chifid é go dtiobhraidís onóir
dhó. 14 Agus ar na fhaicsin do na sgológuibh, do labhradar
eatarra féin, ag rádh, A sé so an toighre, tigidh, marbham
é, ionnus go mbíadh a noighreachd aguinn féin. 15 Agus
ar na theilgean don táobh amach don fhíneamhain, do
mharbhadar é. Ar a nadhbharsin créd do dhéanas tlghearna
na fíneamhna riú súd? 16 Tiocfuidh sé agus sgriosfuidh
sé na sgológa úd, agus do bhéura sé an fhíneamhuin do
dháoinibh eile. Agus an tan do chúaladarsan so, a dubhradar,
Nár liege Día sin. 17 Achd ar bhféachain dósan órrtha, a
dubhairt sé: Máseadh créd é an ní so atá sgriobhtha, An
chloch do dhiultadar na sáoir is di so do rinneadh ceann
an chuáinne? 18 Gidh bé duine thuitfeas ar an gcloich
úd, do dhéantar greamanna dhe; agus gidh bé duine ar a
dtuitfidh sí, do dhéana sí luaithreadh dhe. 19 Agus díarradar
úachdaráin na sagart agus na sgriobuidhe láinha do chur
annsan air a núair sin féin; achd do bhi eagla an phobuil
orrtha: óir do aithneadar gur ab na naghuidh fein a dubhairt
sé an chosamblachdso. 20 Agus ag tabhairt aire ris, do
chuireadar luchd bratha, do léigfeadh orrtha féin a bheith
na bhfiréin, ionnus go ngreameóchaidis air a chomhrádh,
do chum a thabhartha do chumhachd agus dughdarrás
a nuáchdaráin. 21 Agus dfíafraigheadar dhe, ag rádh, á
Mhaighisdir, atá a fhios againne gur ceart labhras tú agus
theagaisgeas tú, agus nach bhfuil cion agad ar phearsain
áonduine, achd go dteagasgann tú slighe Dé do réir na
fírinne: 22 An ceaduightheach dhúinne cíos do thábhairt
do Shéasar, nó gan a thabhairt? 23 Achd tug seisean a
meabhail dá aire, agus a dubhairt sé riú, Créd fá gcurtháoi
cathughadh oram? 24 Taisbéanaigh dhamh pighinn. Cia
ar leis a níomháigh agus an sgríbhinn atá uirthe? Agus ar
bhfreagra dhoibhsion a dubhradar, Lé Séasar, 25 Achd a
dubhairt seision riu, Ar a nadhbharsin tabhruidh do Shéasar
na neithe is lé Séasar, agus na neithe is lé Día do Dhía.
26 Agus níor fhéadadar greamughadh air a bhriathra a
bhfíadhnuisi an phobuil: agus ag déanamh iongantais ann
a fhreagarthuibhsion, do thochdadar. 27 Agus ar dteachd
do dhruing do na Saduceachiabh chuige, (noch shéanas a
neiséirghe do bheith ann; ) dfíafruigheadar dhe, 28 Ag rádh,
A Mhaighisdir, do sgríobh Máoisi dhúinn, Dá bhfaghadh
dearbhráthar dhúine ar bith bás, agá mbía bean phósda,
agus go bhfuigheadh sé bás gan chloinn, go ngéubhadh
a dhearbhráthair chuige a bhean, agus go tóigéubhadh
se sliochd dá dhearbhrathair. 29 Ar a nadhbharsin do
bhádar móirsheisior dearbhrathar ann: agus ar ngabháil
mná chuige don chédghear, fúair sé bás gan chloinn. 30
Agus do ghabh an dara dearbhrathair chuige an bhean,
agus fuair seision leis bás gan chloinn. 31 Agus do ghabh
an treas dearbhráthair chuige í; agas mar an gcéadna an
móirsheisior: agus nier fhágbhadar clann, agus fúaradar
bás. 32 Agus a ndiaigh cháich aile fúair an bhean bás mar
an gcéadna. 33 Ar a nadhbharsin an sa neiséirghe cía aca
súd dá madh bean í? óir do bhi si ag an mhóirsheisior na
mnaoi. 34 Agus ag freagra a dubhairt Iósa ríu, Pósaid clann
an tsáoghailsi mná, agus do bheirthear dfearuibh íad: **(aiōn**
**g165)** 35 Achd cheana an dream mheasfuidhthear gur fiú íad
an sáoghal úd, agus eiséirghe ó na marbhuibh dfagháil, ni
phósaid mná, agus ní thugthar dfearuibh íad: **(aiōn g165)** 36
Oír ní héidir léo bás dtagháil ní sa mhó: Oír atáid síad mar
na haingle; agus na gcloinn ag Día, ar mbeith na gcloinn ag
a neiséirghe. 37 Achd go néiréochadh na mairbh, dfoillsigh
Máoise lcis ag an dos, an tan do ghoireas sé don Tighearna
Día Abraham, agus Día Isaac, agus Día Iácob. 38 Oír ní
hé Día na marbh é, achd na mbéo: óir atáid síad uile na
mbeathaigh dhósan. 39 Agus ar bhfreagra do dhruing do
na sgríobuidhibh a dubhradar, A Mhaighisdir, is maith a
dubhairt tú sin. 40 Agus níor lamhadar ó sin súas ní ar bith
fhíafruighe dhe. 41 Agus a dubhairt sé ríu, Cionnas a déirid
síad gur mac do Dháibhi Criosd? 42 Agus a deir Dáibhi
féin a leabhar na Salm, A dubhairt an TIGHEARNA rém
Thighearnasa, Suidh ar mo láimh dheis, 43 No go gcuire
mé do námhuid na sdól fád chosaibh? 44 Ar a nadhbharsin
goiridh Dáibhi Tighearna dhe, agus cíonnas is mac dhó
é? 45 Agus a néisdeachd an phobuil nile a dubhairt sé
ré na dheisciobluibh féin, 46 Tabhruidh aire dháoibh féin
ó na sgríobuidhibh, le nab aill siobhal a róhuidhibh fada,
agus lé nab ionmhuin failtighe ar na marguidhibh, agus
na cédionuid suighthe ann sna coimhthionóluibh, agus na
céadchuibhrinn ann sna féasduidhibh; 47 Noch shluigeas
tighthe na mbaintreabhach, agus sin fós ar sgáth bheith go
fada ag urnuighe: do gheabhuid so an dainnadh is truime.

**21** 21 …luchd bhías ann a lar, imthigheadh said aisde; agus
an dream bhías ar na machairidhibh ná héirgheadh
síad a sdeach innte. 22 Oír a said so láeithe an dioghaltuis,
ionnus go gcoimhlionfuidhthe na huile neithe atá sgríobhtha.
23 Agus budh trúagh do ná mnáibh bhías torrach, agus ag
oileamhuinn ann sna láethibh úd! oír bíaidh riachdanas
romhór ann sa dúithche, agus fearg ris an bpobalsa. 24
Agus tuitfid lé faobhar an chloidhimh, agus béarthar a

mbraighdeanas íad chum na nuile chinidheach: agus bhíadh
Iarúsalém ar na saltairt fáoi a Cineadhachaibh, nó go
gcoimhlíontar aimsearacha na Geinidheach. **25** Agus béid
comharthuighe ann sa ngréin, agus ann sa ngealuigh, agus
ann sna réultannuibh: agus combrúghadh na gcinidheach ar
an dtalamh, tré úathbhás; ag buirfigh don fhairge agus do
na tonnuibh; **26** Agus racha a nanam as na dáoinibh tré
eagla, agus tré bheith ag feitheamh ris na neithibh thiocfas
ar an domhan: oír croithathear cumhachda neimhe. **27** Agus
ann sin do chifid Mac an duine ag teachd a néull maille lé
cumhachda agus lé glóir mhóir. **28** Agus an tan thionnsgóntar
na neithesi do dhéanamh, féachuidh súas, agus togbhaidh
bhár gcinn; óir is fogus dáoibh bhar bhfúasgladh. **29** Agus a
dubhairt sé an chosamhlachdsa ríu; Féachaigh an crann
fige, agus na huile chrann; **30** An tan sgeithid a nduilleabhar,
air na fhaicsin dáoibhsi aitheantáoi úaibh féin gur fogus
an samhradh ann sin. **31** Is mar sin dáoibhsi, an tan do
chífí na neithesi déanta, bíodh a fhíos aguibh gur ab fogus
atá rioghachd Dé. **32** A deirim ribh go fírinneach, Nach
racha an dínisi thort, nó go ndéantar na neithesi uile. **33**
Rachaidh neamh agus talamh thort: achd ní rachaid mó
bhriathrasa thort go bráth. **34** Achd tabhruidh bhur naire
dhíbh féin, deagla go mbíadh sibh tromchroidh theach úair
ar bith í chráos, agus ó mheisge, agus ó rochúramuibh na
beathasa, agus go dtiochfadh an lá úd go hobann oraibh. **35**
Oir tiocfa sé mar dhul ar na huile dháoine dá náitrigheann
ar úachdar na talmhan uile. **36** Ar a nadhbharsin déanuidh
faire, ag guidho gach uile uair, ionnus go rucasfuigh gur fiú
sibh dul as ó na neithibhsi uile atá chum teachda, agus go
seasmhóchadh sibh a bhfiadhnuisi Mhic an duine. **37** Agus
do bhíodh sé teagasg sa ló ann sa teampeall; achd ann san
noidhche ar nimtheachd dó amach, do chomhnuigheadh
sé ar a tslíabh dá ngoirthear slíabh na Noluidheadh. **38**
Agus do thigeadh an pobal uile chuige go moch air maidin,
déisdeachd ris ann sa teampall.

**22** Agus do dhruid féasda a naráin gan laibhín riu, dá
ngoirthear an Cháisg: **2** Agus do bhí úachdarain na
sagart agus na sgríobuidhe ag íarruidh cionnus do mhuirfidís
eision; oir do bhí eagla an phobuil orrtha. **3** Achd do chúaidh
Satan a Níudas dar chomhainm Iscáiriot, do bhí no nuibhir
an dá fhear dhéag. **4** Agus ar nimtheachd amach dhé, do
labhair sé ris na hárdsagartaibh agus ris na húachdaranuibh,
cionnas do bhraithfeadh sé eision dhóibh. **5** Agus do gabh
lúathgháire íadsan, agus do rinneadar cunnradh ris airgead
do thabhairt dó. **6** Agus do gheall seision sin, agus díarr
sé faill ar eision do bhrath dhóibh ab tan nach mbíadh an
pobal a láthair. **7** Achd táinic lá a naráin gan laíbhín, ann ar
bhéigin an tuan cásg do mharbhadh. **8** Agus do chuir Iósa
Peadar and Eóin úadh, ag radh, Imthigh, agus ullmhuighidh
dhuinn an túan cásg, do chum go níosamáois é. **9** Achd
a dubhradarsin ris, Cía a náit ann ar toil leachd sinn dá
ullmhughadh? **10** Agus a dubhairt sé ríu, Féuch, tar éis dul a
sdeach sa chathraigh dháoibh, teigeamhuidh duine áirghe
oruibh, ag iomchar shoighthigh uisge; leanaidh é don tigh
iona racha sé a sdeach. **11** Agus abruidh ré fear an tighe, A
deir an Maighisdir riot, Cáit a bhfuil an Ióisdín, iona níosa mé
an cháisg maille rem dheisciobhluibh? **12** Agus taisbéanuigh
seision dáoibh séomra mór uachtrach deaghmhaisioch:
ullmhuighidh ann sin é. **13** Agus ar nimtheachd dóibhsion,
fuaradar mar a dubhairt seision riu: agus dullmhuigheadar
an cháisg. **14** Agus an tráth tháinic an tam, do shuidh sé
síos, agus a dhá dheisciobal deg maille ris. **15** Agus a
dubhairt sé ríu, Do bhí fonn romhór oram an cháisgse do
